IPA
AN FORAS RIARACHÁIN



An Foras Riaracháin

# Tuarascáil Bhliantúil 2009

## UACHTARÁN

**An tOllamh Denis I. F. Lucey** (chuaigh ar scor Meitheamh 2009)
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**Tom Considine** (ceapadh Meitheamh 2009)
Ard-Rúnaí ar Scor
An Roinn Airgeadais

## LEAS-UACHTARÁIN

**Ciaran Connolly**
**Brendan Drumm**
**John Fitzgerald**
**Phil Furlong**
**Dermot McCarthy**
**Brian McDonnell**
**Padraig McManus**
**Tom O'Connor**
(chuaigh ar scor Meitheamh 2009)
**Michael Scanlon**
**Geraldine Tallon**
**John Tierney**

## BAILL AN BHOIRD

**Rody Molloy**
(Cathaoirleach go dtí gur éirigh sé as Meán Fómhair 2009)
**John Tierney**
(Leas-Chathaoirleach go dtí gur ceapadh ina Chathaoirleach é Samhain 2009)
**Martin McDonald**
(ceapadh ina Leas-Chathaoirleach é Samhain 2009)
**John Cullen**
(chuaigh ar scor Meán Fómhair 2009)
**Brian Cawley**
(ceapadh ina Ard-Stiúrthóir é Deireadh Fómhair 2009)
**Marie Brady**
**Martin Cronin**
**Raymond Dolan**
(comh-toghadh é Feabhra 2009)
**Des Dowling**
**Michael Errity**
**Robert Galavan**
**Cathal Goan**
**Carmel Keane**
**Morgan McKnight**
**Peter Nolan**
**Julie O'Neill**
**Eamon O'Shea**
(d'éirigh as oifig Feabhra 2009)
**Frances Spillane**
**David Thomas**

## FOCHOISTÍ AN BHOIRD

### AIRGEADAS AGUS STRAITÉIS

**John Tierney** (Cathaoirleach)
**Marie Brady**
**Martin Cronin**
**Des Dowling**
**Michael Errity**
**Peter Nolan**

### COISTE RIARACHÁIN

**Rody Molloy**
(Cathaoirleach go dtí gur éirigh sé as Meán Fómhair 2009)
**Martin McDonald**
(ceapadh ina Chathaoirleach é Nollaig 2009)
**Carmel Keane**
**Julie O'Neill**
**Eamon O'Shea**
(d'éirigh as oifig Feabhra 2009)
**Frances Spillane**

### COISTE INIÚCHÓIREACHTA

**Cathal Goan** (Cathaoirleach)
**Marie Brady**
(d'éirigh as oifig Feabhra 2009)
**Robert Galavan**
**Martin McDonald**
(d'éirigh as oifig Nollaig 2009)
**Morgan McKnight**
**David Thomas**
**Raymond Dolan**
(ceapadh é Feabhra 2009)

## COISTÍ AN FHORAIS RIARACHÁIN

### COISTE OIDEACHAIS

**Frank Murray** (Cathaoirleach)
**Seán Aylward**
**Brian Cawley**
(ceapadh é Deireadh Fómhair 2009)
**John Cullen**
(chuaigh ar scor Meán Fómhair 2009)
**Pat Hall**
**Anthony Kearney**
**Finbarr Kelly**
**Frank Litton**
(chuaigh ar scor Meitheamh 2009)
**Ian McKenna**
**Michael Mulreany**
**Denis O'Brien** (Rúnaí)
**Alice O'Flynn**
**Terry Ó Niadh**
**Moling Ryan**
**John Twomey**

### COISTE FOILSITHE LEABHAR

**Maurice Manning** (Cathaoirleach)
**Richard Boyle**
(ceapadh é Nollaig 2009)
**John Bowman**
**John Cullen**
(chuaigh ar scor Meán Fómhair 2009)
**John Curry**
**Dónal de Buitléir**
**Tom Fennell**
**Paul Haran**
**Eileen Kelly**
(chuaigh ar scor Deireadh Fómhair 2009)
**George Lee**
**Ann McGuinness**
**John Murray**
**Blathna Ruane**

## CEANNOIFIG:

**INA GCORPRAÍTEAR OILIÚINT, OIDEACHAS, LEABHARLANN & HALLA BARRINGTON O'REILLY**

57–61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4
Teil + 353 1 240 3600
Facs + 353 1 668 9135
R-phost information@ipa.ie
Gréasán www.ipa.ie

## OIFIG CHLUAIN SCEACH

**INA GCORPRAÍTEAR FOILSITHEOIREACHT & CAIDREAMH CORPARÁIDE, TAIGHDE, CUNTAIS**

Halla Chnocán an Imill, Cluain Sceach, Baile Átha Cliath 6
Teil + 353 1 240 3600
Facs + 353 1 269 8644
R-phost information@ipa.ie
Gréasán www.ipa.ie





# CLÁR ÁBHAR


05 Brollach

08 Tuarascáil an Ard-Stiúrthóra

12 Oideachas

15 Taighde

19 Oiliúint agus Forbairt

23 Seirbhísí Idirnáisiúnta

26 Leabharlann agus Seirbhísí Faisnéise

28 Foilsitheoireacht

31 Dámhachtainí agus Buaiteoirí Duaiseanna

35 Outreach 2009

37 Rialachas agus Riarachán an Fhorais

42 Feidhmíocht Airgeadais

70 Bainistíocht Shinsearach an Fhorais




# BROLLACH

# BROLLACH



(ó chlé go deas) Karen Erwin, IAASA, Pat O'Mahony, Bord Leigheasra na hÉireann, Michael Kelly, An tÚdarás um Ardoideachas, Paul Turpin, an Foras Riaracháin, agus Paul Kenny, Ombudsman na bPinsean, ag seoladh an *Treoirleabhair um Dhea-Rialachas* ag an bhForas Riaracháin.

Bliain an-chrua ó thaobh an gheilleagair, agus ó thaobh sheirbhís phoiblí na hÉireann a bhí sa bhliain 2009. Tugadh ciorraithe breise ar chaiteachas isteach i mbuiséad forlíontach an 7 Aibreán mar gheall ar an meath mór tapa ar airgeadas an rialtais. Ina dhiaidh sin, foilsíodh tuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Líon Fostaithe agus ar Chláir Chaiteachais na Seirbhíse Poiblí i mí Iúil, a raibh an tOllamh Colm McCarthy ina chathaoirleach air. Mhol an tuarascáil go ndéanfaí ciorruithe breise de thart ar €5.3 billiún ar chaiteachas poiblí, agus laghduithe suntasacha ar líon fostaithe na seirbhíse poiblí. Ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais Riaracháin i Meán Fómhair 2009 labhair an Taoiseach faoin dúshlán atá i gceist le téarnamh náisiúnta a bhaint amach agus thagair sé don ról ríthábhachtach atá le himirt ag athchóiriú na seirbhíse poiblí maidir leis an téarnamh sin. Mar chuid de bhuiséad Mhí na Nollag rinneadh laghduithe suntasacha breise ar chaiteachas na seirbhíse poiblí agus ciorruithe pá le haghaidh státseirbhísigh. Bhí deireadh na bliana, ar nós tús na bliana agus imní ceart ar dhaoine faoin todhchaí, agus amhras orthu go háirithe faoi thodhchaí athchóiriú na hearnála poiblí.

Tá ról ríthábhachtach le himirt ag an bhForas Riaracháin ó thaobh fóram d'idirphlé agus díospóireacht a sholáthar, inar féidir le státseirbhísigh shinsearacha, polaiteoirí agus grúpaí eile teacht le chéile i dtimpeallacht foghlama chun machnamh a dhéanamh ar na dúshláin, agus na bealaí inar féidir linn freagairt dóibh. Lean an Foras Riarachán de scagadh a dhéanamh ar na dúshláin mhóra atá os comhair an gheilleagair agus na seirbhíse poiblí in 2009, trína Chomhdháil Náisiúnta, trína sheimineáir, agus trína Fhóram Rialachais.

Is léir go gcaithfidh ár seirbhís phoiblí oiriúnú d'imthosca atá ag athrú go tapa, anois níos mó ná riamh. Cé go bhféadfadh fonn a bheith orainn an fód a sheasamh agus rioscaí a sheachaint ar ais nó ar éigean, ní réiteach a bheadh ann. Léirigh an Foras Riaracháin go raibh siad fadbhreathnaitheach agus cláir cheannasaíochta á bhforbairt acu do státseirbhísigh shinsearacha a dhíríonn go háirithe ar an ngá le hoiriúnú agus bealaí a aimsiú le rudaí a dhéanamh nach iad na gnáthbhealaí iad a bhfuil seanchleachtadh orthu.

# BROLLACH
## (AR LEAN)



John Tierney
**Cathaoirleach**

Rinneadh forbairt bhreise ar an téama seo in 2009. Leanann an Dochtúireacht sa Rialachas a bhfuil ardmheas ar, arna sholáthar i gcomhar le hOllscoil na Banríona, de chion tábhachtach a dhéanamh maidir le cur leis na hardleibhéil inniúlachta i mbainistiocht agus rialachas na seirbhíse poiblí. Níor tháinig an Foras slán ó na laghduithe móra ar chaiteachas poiblí. Ghearr na heagraíochtaí atá mar chliaint aige siar ar a gcaiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt go mór mór, agus laghdaíodh an t-ioncam sna réimsí seo dá bharr. Bhí teacht aniar i gcláir oideachais agus státseirbhísigh ag leanúint orthu d'infheistíocht a dhéanamh ina dtodhchaí trí ghabháil do chláir fochéimithe agus iarchéimithe. Chuir an Foras mórchlár laghdaithe costas i bhfeidhm chun a staid airgeadais a choinneáil cobhsaí. Is mór an clú do theacht aniar an Fhorais gur baineadh amach na spriocanna airgeadais don bhliain, in ainneoin ioncaim a bheith ag titim.

Mar chuid den chlár laghdaithe costas d'fhág roinnt ball foirne, a bhí ar an bhfoireann le fada, an Foras le linn na bliana. Bhí próiseas deacair athraithe i gceist leis seo, toisc go bhfuil foireann an-dílis ag an bhForas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad a d'fhág le linn 2009 as ucht na mblianta fada de sheirbhís den scoth a thug siad don Fhoras. Chríochnaigh an tArd-Stiúrthóir, John Cullen, a théarma oifige chomh maith agus chuaigh sé ar scor i Meán Fómhair 2009. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh freisin le John as ucht na sároibre a chuir sé isteach san Fhoras Riaracháin le seacht mbliana anuas, agus fáilte a chur freisin roimh a chomharba, Brian Cawley, a chuaigh i mbun dualgais mar Ard-Stiúrthóir i nDeireadh Fómhair. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le mo réamhtheachtaí, Roddy Molloy, a d'éirigh as mar Chathaoirleach an Fhorais le linn na bliana, as ucht a bhfuil déanta aige ar son an Bhoird. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le bainistíocht agus foireann ar fad an Fhorais as obair go rathúil trí bhliain an-chrua agus solúbthacht, cruthaitheacht, agus teacht aniar a léiriú nuair a bhí dúshláin shuntasacha os a gcomhair.



John Tierney
Cathaoirleach




# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA







*Íomhá ar barr*
(ó chlé go deas) John Cullen, Ard-Stiúrthóir, an Fhorais Riaracháin (ar scor), John Fitzgerald, Ollamh Taighde, an Instituid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI), Don Thornhill, Comhairleoir, agus Andrew Hudson, Ard-Stiúrthóir Public Services and Growth Directorate, UK, ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais Riaracháin dar teideal *Téarnamh Náisiúnta – Ról na Seirbhíse Poiblí.*

*Íomhá ar bun*
Colm McCarthy, Scoil na hEacnamaíochta, UCD, ag labhairt ag Comhdháil Náisiúnta an Fhorais Riaracháin.

Bliain an-chrua a bhí sa bhliain 2009 do sheirbhís phoiblí na hÉireann agus don Fhoras. Ba é an toradh a bhí ar na ciorruithe leanúnacha ar chaiteachas poiblí freisin ná go raibh buiséid laghdaithe ann d'oiliúint, oideachas, taighde agus seirbhísí eile arna soláthar ag an bhForas. Chun tabhairt faoin laghdú ar ioncam le linn 2009 thug an Foras raon beart isteach chun costais a laghdú, lena n-áirítear luathscor deonach agus scéimeanna iomarcaíochta deonacha. Rinneadh iarracht mhór freisin chun costais dhíreacha agus neamhdhíreacha a laghdú. Tríd is tríd, d'éirigh go hiontach leis seo mar is léir ón toradh dearfach ar an mbuiséad ag deireadh na bliana. Is mór an clú dár bhfoireann, a raibh teacht aniar iontu agus a bhí solúbtha in ainneoin na gcúinsí deacra seo, go ndearnadh ár staid airgeadais a chobhsú. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as a bhfuil déanta acu chun toradh dearfach a bhaint amach in ainneoin na gcúinsí deacra. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gcliaint ar fad a leanann orthu tacaíocht a thabhairt don Fhoras.

Agus dúshláin mhóra le sárú ag an earnáil phoiblí, tá ról an Fhorais mar fhóram foghlama agus forbartha níos tábhachtaí anois ná riamh. Is dóigh linn go gcaithfidh fáil a bheith ag an tseirbhís phoiblí ar fhoghlaim agus go gcaithfidh sí a bheith toilteanach oiriúnú do chúinsí a bhfuil athrú mór tagtha orthu ionas go mbeidh rath uirthi anois agus amach anseo, agus ionas go ndearbhófar in athuair an ról dearfach ríthábhachtach atá aici i sochaí na hÉireann. Tá plé oscailte agus díospóireacht ar na dúshláin ríthábhachtacha seo buntábhachtach ó thaobh oiriúnú go rathúil. Dhírigh ár sraith comhdhálacha agus seimineár ar shaincheisteanna ábhartha in 2009 de leithéid *'Luach ar Airgead a Bhaint Amach San am Dúshlánach atá Anois ann'* ina raibh aitheasc ón Aire Airgeadais, Brian Lenihan, T.D, agus *'An tSeirbhís Phoiblí agus Buiséad na Bliana 2010'* freisin. I ndiaidh fhoilsiú thuarascáil an Ghrúpa Speisialta ar Líon Fostaithe agus ar Chláir Chaiteachais na Seirbhíse Poiblí, bhí ról na seirbhíse poiblí sa téarnamh náisiúnta mar phríomhthéama ag ár gComhdháil Náisiúnta i Meán Fómhair, agus labhair An Taoiseach, Brian Cowen, TD.

# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA
## (AR LEAN)

Ceist ríthábhachtach atá i gceannasaíocht sa tseirbhís phoiblí, anois níos mó ná riamh, rud is fíor freisin faoin ngá leanúnach leis an acmhainn cheannasaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta agus dheacra. Lean an Foras Riaracháin d'fhreastal don riachtanas seo trínár gcláir oideachais agus oiliúna. Bhí an-éileamh ar ár gClár um Dhúshlán na Ceannasaíochta le haghaidh státseirbhíseach sinsearach, mar a bhí ar ár gClár um Cheannasaíocht sa Rialtas Áitiúil. Is dóigh linn gur tráthúil agus ábhartha atá an bhéim sna cláir forbartha seo ar an stíl cheannasaíochta oiriúnaitheach, a bhfuil gá leis chun ár gcur chuige maidir le soláthar seirbhíse poiblí a athrú ó bhonn.

Téama eile a bhí chun tosaigh le linn 2009, ná an gá le dea-rialachas san earnáil phoiblí a chinntiú. Thug ár bhFóram Rialachais, a seoladh in 2007, deis iontach dár státseirbhísigh phoiblí shinsearacha ceisteanna de leithéid bainistíocht riosca agus cód cleachtais nua do dhea-rialachas a phlé, agus ár socruithe rialachais a thagarmharcáil in aghaidh dea-chleachtais. Sa chomhthéacs seo bhí aitheasc John Carver, an t-údar mór le rá idirnáisiúnta agus saineolaí ar rialachas, chun an Fhóraim i Márta 2009 thar a bheith úsáideach. Ní hamháin gur thug ár gClár Dochtúireachta sa Rialachas, a soláthraíodh i gcomhar le hOllscoil na Bainríona, deis do státseirbhísigh shinsearacha ceisteanna an rialachais náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhreithniú i suíomh acadúil, ach leagadh béim chomh maith ar fheidhmiú praiticiúil na foghlama sin laistigh den eagraíocht.

Cuid ríthábhachtach de ról an Fhorais riamh ba ea tuiscint agus naisc níos fearr a chothú idir chodanna éagsúla na seirbhíse poiblí, agus anuas air sin, dea-chleachtas a roinnt leis an bpobal gnó. Ón tráth a bunaíodh muid, ba í an rialtas áitiúil an earnáil is suntasaí ó thaobh gníomhaíochtaí an Fhorais Riaracháin, agus is amhlaidh a bhí sé in 2009 agus comhdhálacha agus cláir oiliúna le haghaidh grúpaí éagsúla laistigh den earnáil ag díriú ar shaincheisteanna praiticiúla tábhachtacha, de leithéid na tithíochta sóisialta agus na reachtaíochta ar cháilíocht uisce, anuas ar oiliúint scileanna níos ginearálta. Mealladh líon mór mic léinn ón earnáil phríobháideach chuig clár céime an Bhaitsiléara Ealaíon i Staidéar Gnó arís, agus sna cláir a bhí againn tugadh roinnt rannpháirtithe le chéile ó réimsí éagsúla den earnáil phoiblí, gné atá an-tábhachtach, dar linn, de réir mar a dhéanaimid ár seacht ndícheall seirbhís phoiblí níos aontaithe a chruthú.

In am dúshlánach, is é an ról is tábhachtaí don Fhoras Riaracháin ná bheith ag smaoineamh go criticiúil agus machnamh a dhéanamh ar shaincheisteanna a bhaineann le beartas agus soláthar poiblí, d'fhonn torthaí níos fearr a bhaint amach do shaoránaigh. Bhaineamar an méid sin amach in 2009 trínár raon de chláir oideachais, ach go háirithe trínár MEconSc in Anailís ar Bheartais ina raibh mic léinn ó chúrsaí lánaimseartha san Fhoras Riaracháin ag glacadh páirte. Tá a bhfuil déanta trínár n-obair thaighde agus foilsitheoireachta ríthábhachtach maidir leis seo, toisc go gcabhraíonn sé chun na dúshláin atá le sárú ag Éirinn agus ag seirbhís phoiblí na hÉireann a shuíomh laistigh den chomhthéacs mór idirnáisiúnta. Cabhraíodh trínár n-obair le hAonad Éifeachtúlachta Hong Cong, leis an rialtas Pléimeannach, agus le hIonad IBM um Ghnó an Rialachais le comhthéacs agus tagarmharc a bhunú chun feidhmíocht a mheasúnú níos fearr inár seirbhís phoiblí féin. Is acmhainn ríthábhachtach atá inár *mBliainiris Riaracháin agus Dialann* i gcónaí. Chomh maith leis seo, chabhraigh foilseacháin de leithéid *Economic Development 50 Years On* leis an díospóireacht reatha ar an ngeilleagar a shuíomh i gcomhthéacs stairiúil úsáideach.

Tá teacht ar litríocht ábhartha suas chun dáta ríthábhachtach freisin ó thaobh bonn taca a chur faoi mhachnamh agus faoin bhfoghlaim, agus rinne ár bhfoireann saineolaithe leabharlainne forbairt bhreise ar rochtain ar líne agus ar áiseanna taighde agus leabharlainne dár gcliaint agus mic léinn in 2009. Chuir ár seirbhísí idirnáisiúnta bonn taca faoi fhorbairt líonraí foghlama agus naisc le seirbhís phoiblí mhór na hEorpa trí thionscadail um fhorbairt acmhainne sa Chróit agus sa Mhacadóin, agus cláir forbartha scileanna sa Pholainn, san Ungáir agus sa Tuirc.

Chuir an Foras roinnt gealltanas i bhfeidhm maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla le linn 2009. Lean sé d'athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le céad Scéim Teanga na Gaeilge. In 2010 beidh dara Scéim

# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA
## (AR LEAN)



Brian Cawley
**Ard-Stiúrthóir**

Teanga na Gaeilge á hullmhú ag an bhForas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a mbeidh beart comhairliúcháin poiblí agus inmheánach i gceist léi.

Cé go raibh timpeallacht dhúshlánach agus dheacair againn, bhí bliain an-mhaith ag an bhForas in 2009. Is iomaí athrú atá tagtha, ach de bharr na n-athruithe sin is féidir linn mórmhuinín a bheith againn as an am atá romhainn. Léiríomar go raibh teacht aniar ionainn in aghaidh dúshláin airgeadais agus go rabhamar solúbtha agus cruthaitheach maidir leis an bhfreagairt a bhí againn. Is dóigh linn go mbeidh na seirbhísí agus cláir a thugamar ar aghaidh ríthábhachtach ó thaobh bonn taca a chur faoin tseirbhís phoiblí maidir leis an oiriúniú agus na hathruithe móra atá romhainn. Is dóigh linn go bhfuil deis againn anois dearcadh difriúil agus dearfach a bheith againn ar ról na seirbhíse poiblí amach anseo, agus is é an aidhm atá againn ná leanúint de bhonn taca a chur faoin tseirbhís phoiblí chun na torthaí atá tuilte ag ár saoránaigh agus a bhfuil siad ag dúil leo a bhaint amach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord as ucht a ndúthrachta maidir leis an bhFhoras Riaracháin agus as an treoir a thug siad i mbliana, a bhí ina bliain dhúshlánach. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le John Cullen, mo réamhtheachtaí, a chuaigh ar scor mar Ard-Stiúrthóir i Meán Fómhair, as an mórobair a chuir sé isteach san Fhoras Riaracháin le seacht bliana anuas. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár mbaill foirne ar fad, lena n-áirítear na baill sin a d'fhág an Foras Riaracháin le linn 2009 tar éis dóibh na blianta fada de sheirbhís den scoth a thabhairt. Tá mórchion déanta acu ionas go mbeadh an Foras Riaracháin mar atá sé inniu agus is í ár bhfoireann an acmhainn aonair is mó atá againn.



Brian Cawley
**Ard-Stiúrthóir**



# OIDEACHAS

# OIDEACHAS





*Íomhá ar barr*
Sa ghrianghraf, tá Lynn Daly ar bronnadh Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí (Rialtas Áitiúil) uirthi ag bronnadh cháilíochtaí Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 3 Nollaig 2009.

*Íomhá ar bun*
Sa ghrianghraf, a tógadh ag bronnadh cháilíochtaí Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 1 Nollaig, tá an Dr Maurice Manning, Seansailéir, Ollscoil na hÉireann, an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin, Mary Forde, BA Bainistíocht Cúram Sláinte, an Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Coiste Oideachais an Fhorais Riaracháin, agus an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, NUI.

## OLLSCOIL NA HÉIREANN

Tá dámhachtainí le fáil ó chláir oideachais an Fhorais Riaracháin atá creidiúnaithe ag Ollscoil na hÉireann, ina bhfuil an Foras Riaracháin mar choláiste aitheanta.

In 2008-2009, thairg an Foras sraith de chláir fochéimithe agus iarchéimithe idir leibhéal 6 agus leibhéal 9 den Chreatlach Náisiúnta Cáilíochtaí.

Bhí an searmanas bronnta do chéimithe Ollscoil na hÉireann ar siúl i Nollaig 2009 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath inar bronnadh céimeanna ar 975 réamhchéimí.

## CLÁIR FOCHÉIMITHE

Tairgeadh na príomhchláir– an BA (Onór.) agus an BBS (Onór.) – trí trí mhodh seachadta: Léachtaí ag an bhForas Riaracháin, léachtaí ag ionaid réigiúnacha agus cianoideachas.

In 2008-2009, tairgeadh seacht sainchlár ar an BA (Onór.) agus ceithre cinn ar an BBS (Onór.).

Ag leibhéal Dioplóma tairgeadh sé shainchlár i réimse na bainistíochta poiblí agus ceithre cinn i staidéar gnó. Anuas air sin tairgeadh dhá dhioplóma shainchuspóireacha i Staidéar Aontais Eorpaigh agus Eacnamaíocht Sláinte in 2008-2009. In 2009 cláraíodh na chéad chohóirt de mhic léinn sna dioplómaí nua sa Dlí, i mBainistíocht agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna.

Ba é líon foriomlán na mac léinn fochéimithe in 2009 ná thart ar 1,000 duine.

## MÁISTIR EALAÍON

Tá bliain choiteann ag cláir MA an Fhorias sa chéad bhliain dá mbronntar Dioplóma Iarchéime. Sa dara bliain, téann mic léinn ar aghaidh chun sé shainréimse a bheith mar rogha acu. Ba é líon na mac léinn ar na cláir MA in 2009 ná 200 duine a bheag nó a mhór. Cláraíodh na chéad chohóirt de mhic léinn ar sé Theastas Iarchéimithe nua i Meán Fómhair 2009.

# OIDEACHAS
## (AR LEAN)





*Íomhá ar barr*
Sa ghrianghraf, a tógadh ag bronnadh cháilíochtaí Ollscoil na hÉireann i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 1 Nollaig 2009, tá, an Dr Maurice Manning, Seansailéir, Ollscoil na hÉireann, an Dr Brian Cawley, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin, Colm Ward, an chéad áit, MA Bainstíocht Rialtais Áitiúil, agus an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir, Ollscoil na hÉireann.

*Íomhá ar bun*
Bhí Paul Smith agus Michelle Ryan ar ar bronnadh BA (Onór.) i mBainistíocht Acmhainní Daonna ag bronnadh cháilíochtaí Ollscoil na hÉireann ag Caisleán Bhaile Átha Cliath ar an 1 Nollaig 2009 chomh maith.

### DOCHTÚIREACHT SA RIALACHAS

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta sa Rialachas, a thairgtear i gcomhar le hOllscoil na Banríona, Béal Feirste, in 2003 agus bronnadh céimeanna ar na chéad chéimithe in 2006. Bhí thart ar 40 mac léinn cláraithe sa chlár Dochtúireachta in 2009.

### MEconSC IN ANAILÍS AR BHEARTAIS AGUS DIOPLÓMA IARCHÉIME IN ANAILÍS AR BHEARTAIS

Cláir dhá bhliain atá sa MEconSc in Anailís ar Bheartais. Freastalaíonn mic léinn ar an bhForas Riaracháin ar bhonn lánaimseartha sa chéad bhliain, chun staidéar a dhéanamh ar raon ábhar. Sa dara bliain, bíonn mic léinn ag obair ina Ranna féin ar mhiontráchtais fheidhmeacha. Níor glacadh le mac léinn ar bith sa chéad bhliain den chlár in 2009. Cláraíodh trí mhac léinn déag sa dara bliain den chlár in 2009.

Clár páirtaimseartha dhá bhliain atá sa Dioplóma Iarchéime in Anailís ar Bheartais a sholáthraítear ag an bhForas Riaracháin. Cláraíodh fiche mac léinn sa dara bliain dár gclár in 2009.


Research Report
The Corporate Governance of Commercial State-owned Enterprises in Ireland

# TAIGHDE

# TAIGHDE







Mar a luadh i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, tá foireann lánaimseartha, beag díograiseach ag an bhForas Riaracháin a thugann faoi thaighde feidhmeach le haghaidh ranna rialtais agus comhlachtaí earnála poiblí eile. Tá ardmheas anseo agus thar lear ar obair thaighde na Rannóige. Mar a d'aithin foireann athbhreithnithe na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD), acmhainn taighde údarásach, ar leith atá sa chorp eolais a chruthaíonn an Rannóg Taighde don Choiste do Thaighde ar Bhainistíocht Phoiblí (CPMR, www.cpmr.gov.ie), a chuimsíonn beagnach gach gné de chlár nuachóirithe na seirbhíse poiblí.

Tháinig athruithe móra ar an Rannóg Taighde le linn 2009. D'éirigh an Ceann Taighde, an Dr Peter Humphreys, as oifig de bharr drochshláinte. Bhí Peter ag obair don Fhoras ar feadh breis agus 20 bliain agus chuir sé go mór leis an taighde ar riarachán poiblí in Éirinn. Ba í 2009 an chéad bhliain iomlán chomh maith ó tugadh straitéis taighde nua isteach– bhí sé seo mar obair leantach i ndiaidh an CPMR a dhúnadh, a choimisiúnaigh cuid mhaith d'obair na Rannóige roimhe sin. Agus athbhreithniú an OECD ar an tseirbhís phoiblí mar threoir acu, shainaithin an Rannóg Taighde réimsí tosaíochta ina bhfuil taighde tábhachtach chun bonn taca a chur faoi na chéad chéimeanna eile de nuachóiriú na seirbhíse poiblí. Tá siad sin mar bhonn agus thaca ag an straitéis taighde nua, agus áirítear orthu:

- Monatóireacht ar fheidhmíocht agus ar tháirgiúlacht
- Gníomhaireachtaí a rialú agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Soghluaisteacht pearsanra níos fearr a éascú ar fud na seirbhíse poiblí
- Acmhainn straitéiseach na bainistíochta acmhainní daonna a fheabhsú
- Seirbhís Phoiblí Shinsearach a fhorbairt, trí fheidhm a bhaint as dea-chleachtais idirnáisiúnta na státseirbhísí sinsearacha
- Córais luachanna na seirbhíse poiblí a chomhtháthú agus a neartú ar fud na seirbhíse poiblí, agus díriú ar na bealaí inar féidir iad a chothabháil i seirbhís phoiblí neamhchinnte
- Tionscnaimh an rialtais uile
- R-rialtas

# TAIGHDE
## (AR LEAN)



(ó chlé go deis) Foireann Taighde: Muiris MacCarthaigh, Deirdre Mooney, Richard Boyle, Ceannasaí Taighde, Foilseachán agus Caidrimh Chorparáideacha, Orla O'Donnell agus Joanna O'Riordan.

Is as foinsí cistithe idirnáisiúnta ar tháinig formhór an ioncaim in 2009. San áireamh bhí:

- Obair a rinneadh don Aonad Éifeachtachta Hong Cong, maidir le páipéir a fhoilsiú faoi fhorbairtí domhanda sna seirbhísí poiblí (lena ndírítear ar dea-chleachtas idirnáisiúnta i rialachas corparáideach na ngníomhaireachtaí ar neamhthuilleamaí, bainistíocht ghéarchéime, rialtas comhcheangailte, cinntí eolacha a dhéanamh agus an t-aosú sa tseirbhís phoiblí (e (www.eu.gov.hk/english/publication/pub_bp/pub_bp.html)), agus maidir le tagarmharcháil idirnáisiúnta i seirbhísí poiblí Hong Cong.
- Obair maidir le rialúchán teileachumarsáide arna maoiniú ag an rialtas Pléimeannach
- Tionscadal taighde maidir le tuairisciú feidhmiúcháin arna maoiniú ag Ionad IBM um Ghnó an Rialachais (www.businessofgovernment.org/publications/grant_reports/details/index.asp?GID=348)

Rinneadh roinnt tionscadal chomhairleoireachta taighde freisin sa bhaile, eadhon:

- Cúnamh saineolaíoch d'Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Taighde ar chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta do Chumann Phríomhfheidhmeannaigh na nGníomhaireachtaí Stáit (ACESA) maidir le ceisteanna rialachais agus feidhmiúcháin do ghníomhaireachtaí stáit

Foilsíodh freisin in 2009 an tuarascáil dheireanach don Choiste do Thaighde ar Bhainistíocht Phoiblí, *The Corporate Governance of Commercial State-owned Enterprises in Ireland.*

Bhí comhoibriú taighde mar ghné den obair a rinneadh in 2009. Chaith ball den fhoireann taighde 50% dá am ag obair leis an Institiúid Greary in Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath ar an tionscadal taighde 'Mapping the State' arna mhaoiniú ag an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta.
Tá an comhoibriú idirnáisiúnta leis an Institiúid Bainistíochta

# TAIGHDE
## (AR LEAN)

Poiblí de chuid Katholieke Universiteit Leuven, An Bheilg, fós an-rathúil. Faoi láthair is éard atá mar an tionscadal taighde comhoibrithe ná an clár COST faoi ghníomhaíochtaí, arna maoiniú ag an AE . Sa tionscadal an-cáiliúil seo tá taighde comparáideach san áireamh freisin ó roinnt tíortha Eorpacha, agus ó líon beag tíortha eile chomh maith. Mar chuid den chomhoibriú seo, bhí ball den fhoireann taighde ina chomh-údar de leabhar ina gcuirtear gníomhaíochtaí ó Éirinn, ón Iorua agus ó Fhlóndras i gcomparáid. Críochnaíodh an obair seo in 2009 agus tá sé le foilsiú ag Palgrave go luath in 2010. Ina theannta sin, mar thoradh ar an bpáirt a bhí againn leis an gclár COST, tá tionscadail ar bun againn, eadhon, an tionscadal ar rialúcháin teileachumarsáide i gceithre stát Eorpacha. Déanfar fiosrú faoi thuilleadh deiseanna sna blianta amach romhainn.

Thug baill na Rannóige Taighde cur i láthair, faisnéis agus seisiúin oiliúna ag raon leathan de sheimineár, comhdhálacha agus ag imeachtaí eile, agus lean siad ar aghaidh ag foilsiú alt agus tuairiscí. Ghlac an fhoireann páirt i ndíospóireachtaí poiblí sna nuachtáin, ar an teilifís agus i meáin an raidió, faoi ghnéithe rialachais phoiblí na hÉireann i rith na bliana.

Bhí páirt ghníomhach ag an Rannóg Taighde i réimse leathan de thionscnamh an Fhorais. Mar shampla, ghlac baill na foirne páirt sa Chomhdháil Náisiúnta 2009 an Fhorais Riaracháin. Ina theannta sin, leanann bail fhoirne ar aghaidh ag comhoibriú le comhghleacaithe ó Rannóg Oideachais agus Oiliúna chun cur leis an soláthar de sheirbhísí comhairleoireachta, cúrsaí traenála, cur i láthair i seimineáir, cláir oideachais agus maoirseacht ar thráchtais iarchéime.



# OILIÚINT AGUS FORBAIRT

# OILIÚINT AGUS FORBAIRT





*Íomhá ar bharr*
Aire Airgeadais, Brian Lenihan, TD, ag labhairt ag Seimineár an Earraigh dár dteideal *Department-Agency Relations and the Performance Dialogue* ar 28 Bealtaine 2009.

*Íomhá ar bhun*
(ó chlé go deis) Sa phictiúr ag Bronnadh na dTeastas Staidéar Státseirbhíse agus Gníomhaireachta Stáit bhí fostaithe ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Brian Walsh, Anne Barrett, Tom Ward, Stiúrthóir Cúrsa an Fhóraim a bhronn na dámhachtainí, Frank Butler, Oifigeach Oiliúna ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Scott Foley, agus Andrew Gavin. Reáchtáladh an tsearmanais bronnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 2 Nollaig 2009.

Bhí tuilleadh dírithe ar an téama de smaoineamh comhcheangailte agus de chomhoibriú idirghníomhaíochta le linn 2009 sa Chlár Ceannaireachta i Rialtas Áitiúil, a dhíríonn ar fhorbairt chumas ceannaireachta laistigh den chóras rialtais áitiúil. Trí chuairt staidéir ar an mBruiséil, an t-ionad ceaptha beartais an AE, bhí na rannpháirtithe ábalta feiceáil lena súile féin an nasc idir cheapadh beartais fornáisiúnta agus seachadadh de luach agus seirbhís phoiblí ar leibhéal áitiúil. In aitheantas den timpeallacht gheilleagrach, dhírigh an clár ar luach a sheachadadh don eagraíocht agus don phobal tríd úsáid nuálaíoch a bhaint as foinsí, agus tríd éifeachtacht phearsanta a fheabhsú chun teacht le chéile i gcomhair cuspóirí na hearnála poiblí a bhunathrú. Lean an tSraith Bainistíochta Straitéisí ar aghaidh ag tarraingt go leor daoine lena béim curtha ar theoiric agus ar chleachtas cumaisc chun cabhrú le feidhmeannaigh shinsearacha i gceapadh agus i gcur i bhfeidhm na gclár bainistíochta straitéisí i gcomhréir leis na dúshláin atá ag teacht chun cinn san earnáil phoiblí.

Tá an Clár Dúshláin Ceannaireachta dírithe ar sheirbhísí poiblí sinsearacha agus ceaptar é chun cumas ceannaireachta a fhorbairt chun tacú leis an mbunathrú i riarachán poiblí. Cuirtear ar fáil é i gcomhar le Cambridge Leadership Associates, MA, dámh sinsearach ina gcorpraítear an John F Kennedy School of Government ag Harvard. I gcomhthéacs na n-athruithe móra atá os comhair an gheilleagair Éireannaigh agus os comhair earnáil phoiblí na hÉireann, tá an múnla oiriúnach ceannaireachta an-tábhachtach agus an-úsáideach, agus léirítear é seo san éileamh suntasach ar an gclár in 2009.

Bhí bliain an-rathúil ag an bhFóram Rialachais, a seoladh in 2007. Lean an Fóram ar aghaidh ag tabhairt comhairle, oiliúna, faisnéise agus raon de thacaíochtaí eile maidir le rialachas maith, le béim áirithe ar eagraíochtaí stáit, leasa phoiblí agus ar shochar poiblí. Dhírigh an clár seirbhísí agus gníomhaíochtaí ar shaincheisteanna rialachais le linne seo, agus san áireamh sna himeachtaí bhí an Cód Nua Rialachais do Chomhlachtaí Stáit, Bainistíocht Riosca, na príomhchumais a theastaíonn sa Seomra Boird, An Rialú

# OILIÚINT AGUS FORBAIRT
## (AR LEAN)

Rialacháin, Coistí Iniúchta agus nósanna imeachta poiblí. I mí an Mhárta 2009 ag fóram d'imeacht speisialta, bhí deis ag lucht féachana mór éisteacht le léargas agus é a roinnt leis an údar idirnáisiúnta cáiliúil agus an saineolaí ar rialachas corparáideach agus ceannaireacht bhoird, John Carver.

Bhí sceideal gnóthach de sheimineáir le linn 2009 ar leibhéal straitéiseach agus oibriúcháin araon. Ar an leibhéal straitéiseach, cuireadh an bhéim ar an aistriúchán de *'Transforming Public Services into Action'*. Dhírigh sraith sheimineáir an Earraigh do bhainisteoirí na seirbhíse poiblí ar *'Delivering for the Citizen through Inter-Agency and Collaborative Working'*, *'Department-Agency Relationships and the Performance Dialogue'*, agus *'Achieving Value for Money in Challenging Times'*. I measc na n-aoichainteoirí bhí an tAire Airgeadais, Brian Lenihan, TD, Aire Stáit d'Oifig na nOibreacha Poiblí agus na hEalaíona, Dr Martin Mansergh, TD, agus John Buckley, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste. I sraith an Gheimhridh is iad seo a leanas na téamaí *'Innovation in the Public Service'*, *'The Public Service and Budget 2010'*, agus *'Leadership and the Human Resource Challenges'*. I measc na n-aoichainteoirí bhí an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Eamon Ryan, TD, Paul Rellis, Stiúrthóir Bainistíocht de Microsoft Ireland, Donal McNally, an Dara Ard-Rúnaí , Roinn Airgeadais, agus Kieran Mulvey, Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

Ar leibhéal oibriúcháin nó beartais, bhí trí imeacht ar fhreastail go leor daoine orthu le linn 2009. Ba iad seo a leanas na téamaí *'PMDS: Implementing the Task Force Recommendations'*, *'Workplace Partnership in Challenging Times'*, agus *'Disability Act, Part 3: Ensuring Compliance with Legislative Obligations'*. I measc na rannpháirtithe bhí Emily O'Reilly, Ombudsman, Bryan Andrews, Príomhfheidhmeannach na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí , agus Lucy Fallon-Byrne, Stiúrthóir an Ionaid Náisiúnta Comhpháirtíochta agus Feidhmíochta.

D'eagraigh an Institiúid roinnt comhdhálacha náisiúnta don rialtas áitiúil, ina raibh deis ag grúpaí éagsúla, lena n-áitítear stiúrthóirí sna príomhearnálacha beartais, ceannasaithe airgeadais agus ceannasaithe de chórais fhaisnéise, deis chun díriú ar shaincheisteanna d'ábhair chúraim reatha. Freisin reáchtáladh roinnt seimineár bainteach le beartas a bhí ábhartha go straitéiseach d'fhoireann údaráis áitiúil i 2009.Bhí ceann de na príomhsheimineáir d'údaráis áitiúla dírithear an Acht Tithíochta 2009, le béim áirithe ar ról na n-údarás áitiúil maidir le cur i bhfeidhm an ghné reachtaíochta de léasú sóisialta. I seimineáir eile, rinneadh scrúdú ar Acht na Seirbhísí Uisce 2007 agus díríodh ar phríomhghnéithe an Achta a cuireadh i bhfeidhm go dtí seo. Sna seimineáir bhí díospóireacht maidir le gnéithe na reachtaíochta lena gceadaítear do bhunú d'údarás náisiúnta um sheirbhísí uisce agus d'údaráis sheirbhísí uisce.

Lean an Rannóg Oiliúna leis an tSeirbhís Faisnéise Eorpach a sholáthar agus anailís a dhéanamh ar phríomhábhair inspéise agus iad a scaipeadh tríd *Athbhreithniú Beartais an AE*, mar chuid den chaidreamh oibre reatha le hoifig Réigiún na hÉireann sa Bhruiséil. Lean siad freisin ar aghaidh leis an bhfoilseachán de *Local Authority Times*, a chuireann uirlis thábhachtach ar fáil ó thaobh anailíse de agus plé a dhéanamh ar ábhair thábhachtacha agus iad a scaipeadh.

In ainneoin na mbuiséad laghdaithe d'oiliúint na hearnála poiblí, bhí éileamh fós ar phríomhtháirgí d'oiliúint bhainistíochta airgeadais. Go háirithe, bhain cliaint leas as cláir arna saincheaptha d'ardchaighdeán chun feidhmiúcháin a uasmhéadú óna gcórais bhainistíocht airgeadais. Bhí méadú i líon na ndaoine a d'fhreastail ar shraith sheimineáir maidir le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus d'éirigh fíor mhaith leis an gcéad bhliain de shraith sheimineáir d'Iniúchóirí Inmheánacha. Ceapadh clár nua do bhainistíocht acmhainní daonna le haghaidh údarás áitiúil, go háirithe chun riachtanais na heagraíochta a chomhlíonadh maidir le cur i bhfeidhm polasaithe agus nósanna imeachta um acmhainní daonna. I gcomhar le Comhairle Contae an Chabháin, seachadadh an chéad chlár píolótach do bhainisteoirí líne agus tá sé beartaithe an clár a sheachadadh in údaráis eile in 2010. Lean an clár

# OILIÚINT AGUS FORBAIRT
## (AR LEAN)

atá bunaithe go maith ar Mhachnamh san Ionad Oibre ar aghaidh ag tarraingt líon mór daoine.

Seoladh seirbhísí oiliúna agus oideachais TF, i gcomhar leis an Rannóg d'Eolaíocht Ríomhaireachta agus Faisnéisíochta, Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath, cáilíocht nua iarchéime le haghaidh céimithe neamh-ríomhaireachta - *an tArd Dioplóma san Eolaíocht Ríomhaireachta*. Sa chlár, a tharraing daltaí náisiúnta agus idirnáisiúnta, bhí cúrsaí maidir le teicneolaíochtaí idirlíne, líonrú, infreastruchtúir, ríomhchlárú, innealtóireacht eolais agus bunachar sonraí. Reáchtáladh an clár ar champais an Fhorais agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath araon. Táthar ag súil go bhforbrófar tuilleadh ar an bhfiontar comhoibritheach sa bhliain atá amach romhainn.

Tá éileamh mór fós ar chláir chreidiúnaithe d'fhoghlaim phraiticiúil, fheidhmeach. Bhí líon na rannpháirtithe fós ard sa Teastas i Rialtas Áitiúil, agus sa Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta, cé go raibh roinnt laghdaithe sa Teastas i bhForbairt Bainistíochta. I mí Mheán Fómhair lean an Teastas i Staidéar Státseirbhíse agus Gníomhaireachta Stáit ag forbairt lena leathnú amach go dhá áit réigiúnacha chomh maith le Baile Átha Cliath. Fuarthas suim ó cheantair na Mumhan agus san Oirdheisceart agus dá bharr sin tugadh ranganna teagaisc sa Teampall Mór agus i Loch Gorman, agus ag an bhForas chomh maith.



# SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

# SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA



Nicolas Marcoux
**Bainisteoir**

Ba é 2009 an cúigiú bliain d'fhorfheidhmiú na Straitéise Seirbhísí Idirnáisiúnta mar a d'fhaomh Bord é i mí Feabhra 2005. Ar bhonn na peirspictíochta cúig bliana seo, chuir an Foras tús le hidirghabhálacha dírithe ar an earnáil d'fhonn a ghnó idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus a mhéadú tuilleadh sa bhliain atá le teacht.

## LEATHADH LEANÚNACH SA RÉIM IDIRNÁISIÚNTA

Chomhlíon an tAonad Seirbhísí Idirnáisiúnta a phríomheilimint dá straitéis trí thionscadail chúnaimh thiomanta don earnáil phoiblí a sheachadadh agus tríd aistriú thaithí státseirbhíse na hÉireann a éascú go tíortha atá gafa le próisis athchóirithe agus aistrithe. Rinneadh é seo de réir réimsí téamacha oibriúchán, go háirithe in athchóiriú riaracháin phoiblí agus i bhforbairt eacnamaíochta.

Thug an Roinn Gnóthaí Eachtracha tacaíocht do chuid mhaith de ghníomhaíochtaí an Aonaid Seirbhísí Idirnáisiúnta. Sheachaid an t-aonad tionscadail forbartha acmhainne éagsúla sa Chróit agus sa Mhacadóin ag féachaint chuig aistriú saineolais agus fios gnó a éascú ó earnáil phoiblí na hÉireann go haireachtaí, ranna agus gníomhaireachtaí poiblí eile roghnaithe i Zagreb agus Skopje. Dhírigh na cláir seo ar na dúshláin a bhaineann le lánpháirtiú an AE don dá tír de réir mar a oibríonn siad chun ballraíocht iomlán an Aontais a bhaint amach. Bhí roinnt tionscadal dírithe go sainiúil ar acmhainn theicniúil na foirne sna comhlachtaí stáit seo a mhéadú, fad agus a bhí cinn eile dírithe ar phróisis agus ar chórais oibre forais inmheánacha a fheabhsú.

In 2009, sheachaid an tAonad dhá sheisiún déag de chlár oiliúna gnóthaí AE nuacheaptha (idirbheartaíocht AE agus scileanna comhordaithe náisiúnta- Cistiú Struchtúrach an AE) do státseirbhísigh ó bhallstáit nua agus tíortha aontacha an AE.

Mar fhreagra ar iarratas ó bhallstáit nua roghnaithe an AE, ceapadh agus seachadadh Clár Cúnaimh ar Uachtaránacht an AE a bhainistiú, ar mhaithe le rialtais na hUngáire agus na Polainne, agus béim ar leith ar oiliúint cathaoirligh agus comhairle ar ullmhúchán riaracháin.

# SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA
## (AR LEAN)

Críochnaíodh go rathúil clár tacaíochta déthaobhach don Tuirc, a thosaigh i 2006, agus bhain sé leas as comhoibriú fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim atá lonnaithe sa Luimneach.

De bhreis ar an méid atá thuasluaite, chuaigh an tAonad Seirbhísí Idirnáisiúnta sa tóir ar thairiscintí idirnáisiúnta ar éirigh leo iad a fháil. Faoi bhun Conradh Creata an Choimisiúin Eorpaigh d'éirigh leis an aonad dhá thionscadal shuntasacha in Ankara a bhuachan, a chabhraigh le Ciste Náisiúnta na Tuirce chun córais agus próisis rialaithe atá comhoiriúnach leis an AE.

Bhuaigh an tAonad freisin clár ollmhór arna maoiniú ag an AE sa Mhacadóin, lena dtugtar cúnamh do Ghníomhaireacht Státseirbhíse náisiúnta chun curaclam oiliúna ábhartha agus freagrúil a chumadh, agus chun a chinntiú an seachadadh nua-aimseartha éifeachtach de chláir forbartha agus foghlama do státseirbhísigh na Macadóine. Is é an chéad tionscadal dá leithéid don Fhoras mar cheannasaí den chuibhreannas, agus léirítear an cuspóir ginearálta arna leagtha amach i straitéis an aonaid chun soláthar de sheirbhísí idirnáisiúnta a fheabhsú.

D'eagraigh an Foras Riaracháin roinnt turas staidéir agus cláir mhalartaithe ar bhonn ad-hoc ionas go bhfeiceadh tíortha eile oibriúcháin, struchtúir agus buanna Státseirbhís na hÉireann, go lárnach agus go háitiúil.

Lean an Foras air ag feidhmiú mar phointe teagmhála náisiúnta d'Éirinn i 2009, d'fhonn socruithe nasctha a eagrú idir Éirinn agus oirthear, lár agus iardheisceart na hEorpa.



# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE



Patricia Trotter
**Leabharlannaí**

Tá sé mar shainchúram ar an Leabharlann tacú le gníomhaíochtaí eolasbhunaithe An Fhorais – acmhainn speisialaithe um ghnóthaí agus bainistíocht phoiblí atá á húsáid go forleathan ag mic léinn, ag cliaint, agus ag an bhfoireann. Cuireann an leabharlann seirbhís faisnéise, tagartha, agus iasachtaí do raon éagsúil d'úsáideoirí ar fud na tíre.

Níl sa leabharlann ar Bhóthar Lansdún ach cuid bheag, choibhneasta, de sheirbhís leabharlainne an Fhorais. Soláthraíonn an tseirbhís seirbhís teileafóin, phoist, agus r-phoist (library@ipa,ie) le haghaidh mac léinn cianoideachais agus ball nach bhfuil lonnaithe i gceantar Bhaile Átha Cliath. Tig le mic linn dul i dteagmháil le foireann na leabharlainne, nó úsáid a bhaint as na seomraí léitheoireachta, le linn na dtéarmaí, ó 9.15 am go dtí 8.30 pm ón Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.30 pm ar an Aoine. Tá an leabharlann oscailte ar bhonn teoranta gach Satharn agus ar an Domhnach don chuid is mó le linn na dtéarmaí. Is féidir teacht ar shonraí uaireanta oscailte atá cothrom le dáta ina n-iomlán ar shuíomh Gréasáin an Fhorais.

Is an bhainistíocht phoiblí an speisialtóireacht atá ag an leabharlann. San áireamh sa bhailiúchán tá ábhair ar an tsocheolaíocht, polaitíocht, eacnamaíocht, dlí agus an tseirbhís phoiblí, rialtas áitiúil, beartas poiblí, beartas sóisialach agus sláinte, an earnáil phoiblí, Bainistíocht Acmhainní Daonna, cuntasaíocht agus airgeadas agus bainistíocht ghinearálta.

Faoi láthair, féadtar cuardach a dhéanamh go hinmheánach ar chatalóg na leabharlainne ó roinnt teirminéal sa leabharlann féin, ó inlíon foirne an Fhorais agus ó chianionaid leis an nasc leabharlainne ar shuíomh an Fhorais Riaracháin (www.ipa.ie) - ionas go méadófaí rochtain na n-úsáideoirí ar acmhainní agus seirbhísí na leabharlainne, go mór mhór ar mhaithe le mic léinn cianoideachas agus úsáideoirí eile lasmuigh den Fhoras. Sa leabharlann tá os cionn 30,000 leabhar, 250 cruachóip de theideal tréimhseacháin, staidéir thaighde, tuarascálacha bliantúla, foinsí tagartha, sonraí staitistiúla, agus líon atá ag fás d'irisleabhar lántéacs arna seachadadh go leictreonach, i dteannta áiseanna cuardaithe bunachar sonraí lántéacs.

Soláthraíonn an leabharlann seirbhís soláthair faisnéise agus cáipéisí atá bunaithe ar a hacmhainní féin agus déantar seo a fhorlíonadh le raon seirbhísí faisnéise seachtracha éagsúla a bhfuil fáil aici orthu.



# FOILSITHEOIREACHT

# FOILSITHEOIREACHT








Sa bhliain 2009 foilsíodh roinnt leabhar, a chlúdaíonn an t-iomad ábhar éagsúil, i dteannta an 44ú eagrán den *Administration Yearbook & Diary* agus an *Administration Yearbook Mailing Database CD-ROM*. Foilsíodh ceithre imleabhar de ráitheachán an Fhorais, *Administration*, a raibh eagrán amháin speisialta ar an téama *Integrating and Transforming Public Services: Perspectives on the OECD Review*. Lean an Rannóg Foilseachán chomh maith le roinnt tionscadal comhairliúcháin a dhéanamh d'eagraíochtaí earnála poiblí eile.

## LEABHAIR FOILSITHE IN 2009

San fhoras seoladh *Education for Citizenship and Diversity in Irish Contexts* le Gerry Jeffers i mí Feabhra agus ba í Máire Nic Róibín an t-aoi onóra.

*Serving the State: Public Sector in Ireland* Foilsíodh i mí Feabhra arna eagrú ag Michael Mulreany'

Seoladh *No Coward Soul: A Biography of Thekla Beere* le Anna Bryson i mí Márta sa roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, agus ba í Julie O'Neill, Ard Rúnaí an Roinn Iompair an t-aoi onóra.

Foilsíodh *Economic Development 50 Years On* arna eagrú ag Michael Mulreany i mí Iúil.

I mí Mheán Fómhair seoladh *An Inconvenient Wait: Ireland's Quest for Membership of the EEC 1957-73* le Michael J. Geary in Óstán Shelbourne agus ba é an tAire Micheal Martin, TD, an t-aoi onóra.

# FOILSITHEOIREACHT
## (AR LEAN)



(ó chlé go deis) Eileen Kelly, An Foras Riaracháin, Michael J. Geary, Údar, An tAire Micheál Martin, TD, Aoi-Onóra agus John Cullen, An Foras Riaracháin, ag an seoladh de *An Inconvenient Wait: Ireland's Quest for Membership of the EEC 1957 – 73.*

### TUARASCÁLACHA TAIGHDE A FOILSÍODH

Foilsíodh roinnt tuarascálacha ar son Rannóg Taighde an Fhorais, is iad sin:

- *The Corporate Governance of Commercial State-owned Enterprises* in Ireland le Muiris MacCarthaigh, Tuarascáil Taighde CPMR Uimh. 9.
- *Benchmarking in the Hong Kong Public Service,* Tuarascáil Hong Cong
- *Joined-Up Government,* Tuarascáil Hong Cong Uimh. 4
- *Corporate Governance in Arms-Length Agencies – An International Overview,* Tuarascáil Hong Cong Kong Report Uimh. 5
- *Crisis Management:* Tuarascáil Hong Cong Uimh. 6
- *Making Informed Decisions,* Tuarascáil Hong Cong Uimh. 7

### TRÉIMHSEACHÁIN

Táirgeadh *Administration Yearbook & Diary 2010* agus *Administration Mailing Database CD-ROM* a tháinig as i mí na Nollag. Is éard atá sa 44ú heagrán ná nuálaíochtaí agus feabhsuithe a chuireann le húsáideacht na Bliainirise.

Foilsíodh ceithre imleabhar d'irisleabhar an Fhorais, *Administration*, lena n-áirítear eagrán speisialta dár dteideal *Integrating and Transforming Public Services: Perspectives on the OECD Review* le Michael Mulreany agus Richard Boyle, arna eagrú ag Tony McNamara.

### COMHAIRLIÚCHÁN FOILSITHEOIREACHTA

Lean Rannóg na bhFoilseachán dá shaineolas a chur ar fáil ó thaobh tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh nó a bhainistiú ar son eagraíochtaí earnála poiblí eile. Táirgeadh eagrán amháin d'iris ar son na Gníomhaireachta do Chomhrac na Bochtaineachta, iris dár dteideal Action on Poverty and Budget Supplement, the *Action on Poverty Index 2003 – 2009*, agus *Poverty, Policy and Practice: Combat Poverty 1986-2009. Táirgeadh an Irish Probation Journal* ar son na Seirbhíse Promhaidh agus an Bhoird Promhaidh, Tuaisceart/ Deisceart Éireann.

Tá liosta iomlán d'fhoilseacháin an Fhorais ar fáil i *Leabhair i gCló* ar shuíomh Gréasáin an Fhorais Riaracháin, www.ipa.ie. Is féidir leabhair a cheannach tríd an áis click-pay atá le fáil ar an suíomh gréasáin.



# DÁMHACHTAINÍ AGUS BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

# DÁMHACHTAINÍ AGUS BUAITEOIRÍ DUAISEANNA





*Pictiúr ar barr*
Ag bronnadh cháilíochtaí an NUI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 bhí Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, an Foras Riaracháin, agus Oliver Mernagh, céad áit, MA i mBainistíocht Cúram Sláinte.

*Pictiúr ar bun*
Ag bronnadh cháilíochtaí an NUI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 chomh maith bhí Aoife Daly, céad áit, BBS (Onór) Cuntasaíocht.

Fuair os cionn 975 mac léinn teastais, dioplómaí, céimeanna agus/nó céimeanna iarchéime le linn 2009. Bronnadh ar mhic léinn iad ag searmanais bhronnta NUI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé Máirt 1 Nollaig agus Déardaoin 3 Nollaig 2009.

Is iad seo a Leanas na Dámhachtainí a Bronnadh in 2009:

Mac Léinn na Bliana Scoil Whitaker um Rialtas agus Bainistíocht
**Anthony Barrett**

Máistir Ealaíon (Ceartas Coiriúil)
**Colette Wheeler**

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)
**John Collins**
**Paul Nolan**

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Cúram Sláinte)
**Oliver Mernagh**

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)
**Bernadette O'Beirne**

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)
**Colm Ward**

Máistir Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)
**Diarmuid Hallinan**

Ard-Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí
**Emma Jane Morgan**

Máistir Eolaíochta Eacnamaíochta in Anailís Bheartais
**Anthony Barrett**

Ard-Dioplóma in Anailís Bheartais
**Colin Horan**

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Riaradh an Cheartais)
**Myles Byrne**

# DÁMHACHTAINÍ AGUS BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

## (AR LEAN)





*Pictiúr ar barr*
Ag bronnadh cháilíochtaí an NUI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 bhí Myles Byrne, céad áit sa Bhaitsiléir Ealaíon (Onór) (Riaradh an Cheartais), and Mr Ignatius Rice, Leas-Choimisinéir, An Garda Síochána.

*Pictiúr ar bun*
Ag bronnadh cháilíochtaí an NUI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 chomh maith bhí Leonie Ryan, céad áit sa Bhaitsiléir Ealaíon (Onór) Bainistíocht Phoiblí agus Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Oideachais an Foras Riaracháin.

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Cúram Sláinte)
**Mary Forde**

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)
**Áine Shevlin**
**Paul Smyth**

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht IT)
**Brian Halligan**

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Rialtas Áitiúil)
**Keith Jones**

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht)
**Niamh Holden**

Baitsiléir Ealaíon (Onór) (Bainistíocht Phoiblí)
**Leonie Ryan**

Dioplóma i Staidéar an Aontais Eorpaigh
**Ciara Delaney**

Dioplóma in Eacnamaíocht Sláinte
**Róisín T. Dolan**

Gradam CIMA don mhac léinn Baitsiléir Staidéar Gnó is fearr (Onór) (Cuntasaíocht)
**Aoife Daly**

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)
**Judith Christmas**

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór) (Bainistíocht Córas Faisnéise)
**James Burke**

Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór) (Margaíocht)
**Michael Cosgrove**

# DÁMHACHTAINÍ AGUS BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

## (AR LEAN)



Ag bronnadh cháilíochtaí an NUI i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar 1 Nollaig 2009 bhí Sean Aylward, Ard-Rúnaí, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus Diarmuid Hallinan, céad áit sa Mháistir Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí).

Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí
**Valerie Lucey**

Dioplóma i Staidéar Gnó
**James O'Hagan**
**Neil O'Brien**

Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta
**Elizabeth Morrissey**

Dioplóma in Airgeadas
**Eilish Tracey**

Dioplóma i mBainistíocht Cúram Sláinte
**Catherine Maher**

Dioplóma i mBeartais Seirbhísí Sláinte
**Judith McLucas-McGlynn**

Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil
**Aidan Smith**

Dioplóma i mBainistíocht Seachadadh Seirbhísí Poiblí Nua-Aimseartha
**Brenda Ainsworth**



# OUTREACH 2009

# OUTREACH 2009



(ó chlé go deis) Michael Kelly, HEA, An tAire Stáit, Seán Haughey, TD, agus Karen Erwin, IAASA, ag seoladh an *Good Governance Guide* ag an bhForas Riaracháin.

Mar atá luaite i dtuarascálacha bliantúla, is comhlacht é an Foras atá dírithe ar an tseirbhís phoiblí mar ghairm. Dá bhrí sin, bíonn éileamh forleathan ar shaineolas na foirne san Fhoras a théann lasmuigh de sholáthar díreach seirbhísí go minic. Ó am go ham, feidhmíonn siad i riochtaí ceannaireachta sna comhlachtaí gairmiúla lena mbaineann siad. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de ghréasán neamhfhoirmiúil ceannairí scoileanna agus institiúidí riaracháin phoiblí san AE. Le linn 2009, bhí sé ina bhall chomh maith den phainéal breithnithe le haghaidh Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, arna n-urú ag Cumainn Tráchtála na hÉireann.

Is é an Dr Michael Mulreany Ard-Stiúrthóir Cúnta an Fhorais, ball seasta den Ghrúpa Athbhreithnithe Beartais agus Luach ar Airgead gairthe ag an Roinn Airgeadais.

Tá an Dr Richard Boyle ina chathaoirleach ar an Irish Evaluation Network agus ina bhall den ghrúpa measúnaithe taighde idirnáisiúnta um measúnú beartas agus clár. Is ball é freisin de Choiste Iniúchta an Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Tá an Dr Peter Humphreys ina bhall den ghrúpa stiúrtha náisiúnta don phlean gníomhaíochta náisiúnta i gcoinne ciníochais (An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí), den bhord bainistíochta don Lárionad Taighde ar Thithíocht (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil), agus den choiste roghnúcháin náisiúnta do Dhámhachtainí an Taoisigh do bharrfeabhas sa tseirbhís phoiblí.

Tá cúigear ball foirne ina mbaill neamhfheidhmiúcháin ar choistí iniúchta de roinnt ranna rialtais, údarás áitiúil, agus comhlachtaí státurraithe, in dhá chás ag feidhmiú mar Chathaoirleach agus Leaschathaoirleach na gcoistí. Tá roinnt ball foirne ina n-oifigigh le ról mór sa Chartered Institute of Public and Finance Accountancy (CIPFA) agus an Chartered Institute of Management Accountants (CIMA).

Le linn 2009, bhí an Foras ina óstach de roinnt seimineár maidine chun comhrá agus plé a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha sa tseirbhís phoiblí ar na príomhcheisteanna. Táirgeadh trí eagrán de nuachtlitir leictreonach an Fhorais, enzine, chomh maith le linn na bliana.

Reáchtáladh Comhdháil Bhliantúil an Fhorais ar áitreabh an Fhorais ar Bhóthar Lansdún ar 9 Meán Fómhair. Bhí *National Recovery: The Role of the Public Service,* mar theideal air, chualathas cur i láthair ó roinnt urlabhraí náisiúnta agus idirnáisiúnta faoi na dúshláin atá os comhair na seirbhísí poiblí i gcomhthéacs na timpeallachta athruithe eacnamaí.



# RIALACHAS AGUS RIARACHÁN AN FHORAIS

# RIALACHAS AGUS RIARACHÁN AN FHORAIS



Cyril Sullivan
**Stiúrthóir na gCóras Faisnéise agus Airgeadais**

Corpraíodh An Foras Riaracháin, ar cuideachta faoi theorainn ráthaíochta í, i 1963. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Airgeadais, eagraíocht gan beann ar bhrabús is ea é a bhfuil stádas carthanais aige. Tá an Foras faoi réir iniúchadh reachtúil ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Tá an Foras á rialú ag Bord – faoi chathaoirleacht John Tierney faoi láthair – ar a bhfuil ionadaithe tofa/ainmnithe ó earnálacha éagsúla an riaracháin phoiblí, ó bhainistíocht agus foireann an Fhorais, ó shaol an léinn agus ó phearsanra ceardchumainn, mar aon le hionadaí na mac léinn. Feidhmíonn an Bord trí mheán chruinnithe míosúla sceidealta an Bhoird agus trí mheán trí Fhochoiste sheasta de chuid an Bhoird: An Coiste Airgeadais agus Straitéise (a phléann ceisteanna a bhaineann le bainistíocht airgeadais straitéiseach, oibreacha caipitiúla san áireamh), an Coiste Riaracháin (a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht oibriúcháin ó lá go lá, saincheisteanna acmhainní daonna, etc.) agus an Coiste Iniúchóireachta (a phléann measúnú riosca agus cur chuige rialachais). Anuas ar seo, tá Coiste Oideachais, a chuireann comhairle agus a dhéanann monatóireacht ar chúrsaí agus cáilíochtaí oideachais.

Bíonn Uachtarán an Fhorais i gceannas ar an gCruinniú Ginearálta Bliantúil (AGM) agus tá tacaíocht aige ó roinnt Leas-Uachtarán. Bhí an 46ú AGM ag an bhForas ar siúl ar an 18 Meitheamh 2009. Tá ainmneacha na nOifigeach Oinigh, Bhaill an Bhoird, chomh maith le hainmneacha na mball ar Fhochoistí an Bhoird ar leathanach a dó.

## TUARASCÁIL CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE RIARACHÁIN

Tuairiscíonn Martin McDonald:

Tháinig an Coiste Riaracháin le chéile ceithre huaire le linn 2009. Bhainistigh sé an próiseas earcaíochta le hArd-Stiúrthóir nua a cheapadh ar son an Bhoird. Chuir sé comhairle ar an mBord ar bhearta chun costais a laghdú lena n-áirítear scéim iomarcaíochta deonaí, saoire dheonach neamhíoctha agus pacáiste scoir dheonaigh a chur i bhfeidhm. Chomh maith leis seo rinne an Coiste monatóireacht dhlúth ar na cúinsí as ar eascair cinneadh an rialtais, Ciste Pinsean an Fhorais a aistriú chuig an gChúlchiste Náisiúnta Pinsean in 2010.

# RIALACHAS AGUS RIARACHÁN AN FHORAIS

## TUARASCÁIL CHATHAOIRLEACH AN FHOCHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tuairiscíonn Cathal Goan:

Tháinig an Coiste le chéile trí huaire i rith 2009. Chomhlíon an Coiste a ról tacaíochta don Bhord agus a fhreagrachtaí rialachais á gcomhlíonadh. I measc na ngníomhaíochtaí le linn na bliana bhí; athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla, maoirseacht ar Chlár an Iniúchóra Inmheánaigh, agus cinntiú go bhfuil gach dualgas bainteach eile á gcomhlíonadh. Bhí sé i dteagmháil le hionadaí iniúchóirí an Fhorais chomh maith — an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Thosaigh an Coiste ar athbhreithniú de Lámhleabhar Rialachais Chorparáidigh an Fhorais leis an aidhm d'aon athrú riachtanach a dhéanamh chun comhlíonadh le Treoirlínte nua na Ranna Airgeadais ar Rialachas Corparáideach a chinntiú.

## TUARASCÁIL CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE

Tuairiscíonn John Tierney:

Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste le linn na bliana. De bharr na timpeallachta trádála, atá níos teoranta go ginearálta, an príomhghnó ar tugadh faoi ná monatóireacht ar thuarascálacha airgeadúla agus sreabhaidh airgid an Fhorais chun a dheimhniú go raibh siad ag feidhmiú mar a bhí beartaithe. Thug an Coiste faomhadh chomh maith do bhuiséad 2009 agus, thar ceann an Bhoird, rinneadh athbhreithniú ar chuntais bhainistíochta ráithiúla agus réamh-mheastacháin airgeadúla. Mar a luadh thuas, toisc timpeallacht trádála níos deacra don Fhoras i 2009, leag an Coiste béim mhór ar an obair seo.

Bhí baint mhór ag an gCoiste chomh maith le monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le hiniúchadh ar an gcumas do ghaolta níos láidre leis an earnáil ollscoile. Mhol sé don Bhord gur chóir don choiste gnó iarracht a dhéanamh neart an Fhorais a choinneáil ó thaobh a ghaoil leis an seirbhís phoiblí go ginearálta, agus ag cruthú deiseanna nua d'fhorbairt ag an am céanna.

Thug an Coiste comhairle don Bhord chomh maith ar roinnt buncheisteanna straitéiseacha a tháinig suas i rith na bliana, lena n-áirítear an plean gnó corparáideach 2010 a fhaomhadh , agus socruithe a aontú d'fhorbairt ar phlean straitéiseach corparáideach nua don tréimhse 2011 go 2015. Rinne sé moltaí don Bhord ar ábhar athfhorbairt champas Bhóthair Lansdún. Choinnigh sé sainchúram féachana ar fheidhmíocht chiste pinsin an Fhoras Riaracháin agus impleachtaí don chiste tar éis achtaithe an Achta um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009.

## BALLRAÍOCHT

Is é an Foras an comhlacht gairmiúil le haghaidh fostaithe sa tseirbhís phoiblí. Déanann sé freastal orthu siúd sa státseirbhís, sna húdaráis áitiúla, sa tseirbhís sláinte, i gcomhlachtaí státurraithe, in earnáil an oideachais, sna Garda Síochána agus sna Fórsaí Cosanta. Coinnítear baill ar an eolas maidir le hábhair reatha a bhaineann le bainistíocht phoiblí trí sheisiúin faisnéisithe, r-nuachtlitir agus an t-irisleabhar *Administration*, agus is féidir leo lascainí a fháil ar fhoilseacháin agus seirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill maidir le ceisteanna bainistíochta poiblí agus soláthar seirbhísí an Fhorais amach anseo, ar an gcaoi seo cuireann siad le forbairt ghairmiúil an Fhorais. Faoi láthair tá 110 ball chorparáideacha ag an bhForas agus 1,800 ball idir mhic léinn agus bhaill an phobail i gcoitinne a bhfuil suim acu ann.

# RIALACHAS AGUS RIARACHÁN AN FHORAIS

## FREASTAL AN BHOIRD 2009

| 10 gCRUINNIÚ | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Ainm** | **Freastalta** | **Nótaí** |
| **1** | Marie Brady | 8 gcruinniú | |
| **2** | Brian Cawley | 3 chruinniú | Ceaptha mar Ard-Stiúrthóir i nDeireadh Fómhair 2009 |
| **3** | Martin Cronin | 6 chruinniú | |
| **4** | John Cullen | 7 gcruinniú | Ar scor ó Mheán Fómhair 2009 |
| **5** | Raymond Dolan | 6 chruinniú | Comhthofa don Bhord i bhFeabhra 2009 |
| **6** | Des Dowling | 7 gcruinniú | |
| **7** | Michael Errity | 6 chruinniú | |
| **8** | Robert Galavan | 9 gcruinniú | |
| **9** | Cathal Goan | 6 chruinniú | |
| **10** | Carmel Keane | 7 gcruinniú | |
| **11** | Martin McDonald | 7 gcruinniú | Ceaptha mar Leas-Chathaoirleach i mí na Samhna 2009 |
| **12** | Morgan McKnight | 4 chruinniú | |
| **13** | Rody Molloy | 6 chruinniú | Ar scor ón mBord i Meán Fómhair 2009 |
| **14** | Peter Nolan | 4 chruinniú | |
| **15** | Julie O'Neill | 6 chruinniú | |
| **16** | Eamon O'Shea | 1 chruinniú | Ar scor ón mBord i bhFeabhra 2009 |
| **17** | Frances Spillane | 7 gcruinniú | |
| **18** | David Thomas | 5 chruinniú | |
| **19** | John Tierney | 5 chruinniú | Ceaptha mar Chathaoirleach i mí na Samhna 2009 |

## FREASTAL AN CHOISTE RIARACHÁIN 2009

| 4 CHRUINNIÚ | | | |
|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Ainm** | **Freastalta** | **Nótaí** |
| **1** | Carmel Keane | 3 chruinniú | |
| **2** | Rody Molloy (Cathaoirleach) | 3 chruinniú | Ar scor ón mBord i Meán Fómhair 2009 |
| **3** | Julie O'Neill | 3 chruinniú | |
| **4** | Eamon O'Shea | 0 cruinniú | Ar scor ón mBord i bhFeabhra 2009 |
| **5** | Frances Spillane | 3 chruinniú | |
| **6** | Martin McDonald | 0 cruinniú | Ceaptha mar Chathaoirleach i mí na Nollag 2009 |

# RIALACHAS AGUS RIARACHÁN AN FHORAIS

## FREASTAL AN CHOISTE RIARACHÁIN 2009

| | | 3 CHRUINNIÚ | |
|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Ainm** | **Freastalta** | **Nótaí** |
| **1** | Raymond Dolan | 3 chruinniú | |
| **2** | Robert Galavan | 1 chruinniú | |
| **3** | Cathal Goan (Cathaoirleach) | 3 chruinniú | |
| **4** | Martin McDonald | 2 chruinniú | |
| **5** | Morgan McKnight | 1 chruinniú | |
| **6** | David Thomas | 2 chruinniú | |

## FREASTAL AN CHOISTE AIRGEADAIS AGUS STRAITÉISE 2009

| | | 5 CHRUINNIÚ | |
|---|---|---|---|
| **Uimh.** | **Ainm** | **Freastalta** | **Nótaí** |
| **1** | Marie Brady | 4 chruinniú | |
| **2** | Martin Cronin | 1 chruinniú | |
| **3** | Des Dowling | 5 chruinniú | |
| **4** | Michael Errity | 3 chruinniú | |
| **5** | Peter Nolan | 1 chruinniú | |
| **6** | John Tierney (Cathaoirleach) | 5 chruinniú | |

## FORBAIRT FOIRNE

Tá beartas forbartha fhoireann an Fhorais ailínithe go straitéiseach le cuspóirí seirbhíse. Tá béim an bheartais ar cháilíocht agus seirbhís ghairmiúil, obair bhuíne, freagracht agus nuashonrú leanúnach ar eolas agus tuiscint ar eochair-cheisteanna beartais phoiblí. Leagtar tascanna ar an bhfoireann chun oibre ar fhorbairt chás-staidéir de dhea-chleachtas i riarachán poiblí, ar féidir a úsáid i gcláir oiliúna agus oideachais an Fhorais.  Tugtar tacaíocht don fhoireann maidir le cáilíochtaí tríú-leibhéil ábhartha a bhaint amach lasmuigh agus laistigh den Fhoras. D'fhreastail baill foirne ar chúrsaí, chomhdhálacha, agus seimineáir a bhí eagraithe ag an bhForas chomh maith.

I 2009, bhí beagnach 3 faoin gcéad den bhuiséad tuarastail dírithe ar fhorbairt foirne.

## GLUAISEACHT FOIRNE

Ba iad na baill foirne a d'fhág i 2009 ná:
Evelyn Blennerhassett, John Cullen, Maura Cullen, Stefanie Feilke, Tara Gleeson, Peter Humphreys, Angela Keegan, Eileen Kelly, Frances Lawlor, Kieran Lenihan (sos gairme), Frank Litton, Ita Lynch, Mary O'Rafferty, Emer Ryan, Pat Sutton, Mary Rose Tobin, Margaret Tyndall, Barry Vaughan (ar iasacht)



# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS





Leagtar amach sna ráitis airgeadais seo a leanas oibríochtaí airgeadais an Fhorais don bhliain. Mar achoimre, bhí tionchar mór ag an gcor chun donais tromaí sa gheilleagar Éireannach agus an crapadh comhcheangailte i gcaiteachas an rialtais ar ioncam feidhmiúil an Fhorais i rith 2009. I gcomparáid le 2008, laghdaigh ioncam feidhmiúil go €16.0m ó €20.24m, laghdú de thart ar 20%. Mar sin féin, bhí a fhios ag an bhForas cheana féin go mbeadh tionchar ar a láimhdeachas i rith 2008 agus tógadh gníomhaíocht láithreach chun a chostais phá agus neamh-phá a laghdú. Ba é tionchar na hoibre seo caiteachas a laghdú go €15.9m i gcomparáid le €19.8m do 2008, ag léiriú laghdaithe de 20%. Tuairiscíodh go bhfuil barrachas oibríochta de €76,000 ann tar éis coigeartú achtúireach €0.4m bunaithe ar chaighdeán cuntasaíochta pinsean (FRS17) i ndáil le costais phinsean an Fhorais. Phléigh an Foras go maith leis an méid seo agus d'éirigh leis a airgeadas a chobhsú i rith tréimhse cúinsí geilleagracha deacra.

Tuillimh an Fhorais don bhliain ná oiliúint agus seirbhísí idirnáisiúnta (43%) agus ioncam ó tháillí oideachais (27%), ,ioncam ó thaighde (1%), ioncam ó fhoilseacháin agus ballraíocht (7%), agus deontas i gcabhair (22%) íoctha ag an Roinn Airgeadais. Tríd is tríd, tá baint dhíreach ag laghduithe bliain ar bhliain ar ioncam le laghduithe ar leibhéil gníomhaíochtaí i dtimpeallacht trádála neamhchinnte i rith 2009. Ar an taobh eile, bhí struchtúr costais an Fhorais faoi réir costas díreach den chuid is mó (ar tháinig laghdú orthu ar aon dul le hioncam níos ísle agus athbhreithniúcháin luach ar airgead rathúla), costais tuarastal agus costais i ndáil le fiachas a sheirbhísiú. Tá costais tuarastal faoi réir trí thoisc, is iad sin, líon na mball foirne buan atá fostaithe, na comhaontuithe náisiúnta pá agus dualgais an Fhorais maidir leis an scéim sochair pinsean sainithe don fhoireann. Toisc gur cuireadh gach aontú náisiúnta pá ar ceal, ní raibh aon méadú tuarastail i rith na bliana. Le cur i bhfeidhm scéime iomarcaíochta deonach, scéime luath-scoir deonach agus neamh-líonadh folúntas, thit uimhreacha fhoireann an Fhorais ó 116 i 2008 go 99 i 2009. Seo príomhchúis na gcostas tuarastail níos ísle.

# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Tá na costais mhaoinithe don áis iasachta fhadtéarmach a úsáideadh i gceannach Uimhir 55 Bhóthair Lansdún (a fuarthas i lár 2006) bunaithe ar rátaí úis idir-bhainc. Tháinig laghdú suntasach ar an gcor creidmheasa idir-bhainc ó 2008 i rith 2009, agus dá bharr bhí laghdú 40% i dtáillí úis.

Ach an oiread le neart eagraíochtaí eile a bhfuil scéimeanna pinsean sainithe acu, tá an Foras ag bainistiú easnamh mór a tháinig aníos roinnt blianta ó shin nuair a thit an tóin as na margaí cothromais. Mar straitéis mhaolaithe, cuireadh plean infheistíochta le chéile chun cabhrú leis an easnamh a bhainistiú thar thréimhse fiche bliain. Mar thoradh na straitéise seo, agus le roinnt faoisimh i rith 2009 ó rachlas sna margaí cothromais, d'fheidhmigh ciste pinsin an Fhorais go réasúnta maith, ag seasamh ag €24.5m (suas ó €20.7m i 2008). Tá easnamh achtúireach de €13.1m ag an bhForas agus déantar seo a léiriú sa chlár comhardaithe mar fhiachas fadtéarmach. Déantar seo chun dualgais a chomhlíonadh mar a thuigtear iad i nósanna imeachta cuntasaíochta (GAAP) le haghaidh scéimeanna sochair pinsean sainithe (Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 17). Bhí feabhas ar réamh-mheastachán actúireach an easnaimh (€6m) de bharr luacha níos airde na mbannaí fadtéarmacha. Dul chun cinn suntasach i rith 2009 ab ea cur isteach chiste an Fhorais san Acht um Bearta Airgeadúla (Forálacha Éagsúla) 2009, lena raibh ciste pinsin an Fhorais le bheith aistrithe go dtí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (NTMA). Meastar go dtarlóidh an t-aistriú i rith 2010.

Go ginearálta ó thaobh bainistíochta airgeadúil, agus de bharr na gcoinníollacha trádála deacra, d'éirigh leis an bhForas a chuid airgeadais a chobhsú go maith. Do 2009, bhí barrachas oibriúcháin de €76,000 ag an bhForas, aistríodh €70,000 de seo go dtí a chúlchiste ginearálta, agus glanbharrachas de €6,000 fágtha le haghaidh gnáthghníomhaíochtaí. Rachaidh an t-aistriú arís chuig na costais mhaoinithe atá ag Uimhir 55, Bóthar Lansdún.

## FEABHSUITHE AR CHÓRAIS INMHEÁNACHA

Ar aon dul le straitéis córais faisnéise an Fhorais, bhí tuilleadh forbairtí ar bhonneagar IT inmheánach an Fhorais idir chrua-earraí agus bhogearraí. Bhí an-tábhacht ag baint le cáilíocht chóras bainistíochta airgeadais an Fhorais maidir leis an bhForas a chur ar a chumas réamh-mheastacháin chruinne a ullmhú agus an titim mór i leibhéil ioncaim a bhainistiú. Rinneadh tuilleadh forbartha ar chórais bhainistíochta inmheánacha i rith na bliana, le háiseanna tuarascála bainistíochta eolais feabhsaithe ó chóras bainistíochta airgeadais (FMS) an Fhorais á chur ar fáil trasna an Fhorais, seisiúin feasachta airgeadais don fhoireann, agus cur i bhfeidhm an mhodúil feidhmíochta gnó FMS. Beidh an bhéim ar eolas bainistíochta ar chaighdeán maith ina príomhbhéim i rith 2010.

## IONCHAS AIRGEADAIS DO 2010

Agus na cúinsí trádála deacra atá ag teacht chun cinn do gach gnó le haghaidh 2010 á dtabhairt san áireamh, meastar go leanfaidh neart chúrsaí airgeadais an Fhorais ar aghaidh. Cé go gceaptar go leanfaidh meath ar láimhdeachas i rith 2010 (le titim de 15% sa bhreis measta), thóg an Foras céimeanna láidre chun a bhonn ioncaim a choinneáil agus chun a struchtúir chostais phá agus neamh-phá a laghdú. Táthar ag súil go mbeidh láimhdeachas foriomlán 2010 de €13.9m ann (síos 15% ó 2009) agus an cuspóir ann ná buiséad meá ar mheá a bhaint amach.

## COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a dhualgais maidir le hairgeadais, cánachas agus a chuid dualgas rialála le linn 2009 agus lean sé d'athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a struchtúir rialachais corparáidigh.



AN FORAS RIARACHÁIN
(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta)

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009



# CLÁR ÁBHAR

47 Stiúrthóirí agus Eolas Eile

48 Tuarascáil na Stiúrthóirí maidir leis an mBliain dar críoch 31 Nollaig 2009

50 Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

52 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

54 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

56 Ráitis Airgeadais

61 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

# STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE

| STIÚRTHÓIRÍ | |
|---|---|
| R. Molloy | (d'éirigh as a bheith ina Chathaoirleach Meán Fomhair 2009) |
| J. Tierney | (Leas-Chathaoirleach go dtí gur ceapadh ina Chathaoirleach é Samhain2009) |
| M. McDonald | (ceapadh ina Leas-Chathaoirleach é i Samhain 2009) |
| B. Cawley | (ceapadh ina Ard-Stiúrthóir é i nDeireadh Fómhair 2009) |
| M. Brady | |
| M. Cronin | |
| J. Cullen | (ar scor as an bpost mar Ard-Stiúrthóir Meán Fómhair 2009) |
| R. Dolan | (comhthoghadh é Feabhra 2009) |
| D. Dowling | |
| M. Errity | |
| R. Galavan | |
| C. Goan | |
| C. Keane | |
| M. McKnight | |
| P. Nolan | |
| J. O'Neill | |
| E. O'Shea | (d'éirigh as oifig Feabhra 2009) |
| F. Spillane | |
| D. Thomas | |

| INIÚCHÓIRÍ |
|---|
| An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| Caisleán Bhaile Átha Cliath |
| Baile Átha Cliath 2 |

| ATURNAETHA |
|---|
| O'Donnell Sweeney Eversheds Solicitors |
| Ardán Phort an Iarla |
| Baile Átha Cliath 2 |

| RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE |
|---|
| Dympna Lynch |
| 59 Bóthar Lansdún |
| Baile Átha Cliath 4 |

| PRÍOMHBHAINCÉIRÍ |
|---|
| Allied Irish Bank |
| Ionad an Bhainc |
| Droichead na Dothra |
| Baile Átha Cliath 4 |

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN MBLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

**1.** Ceanglaíonn dlí cuideachtaí ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, ina dtugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na cuideachta agus ar bhrabús na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú ag na stiúrthóirí, ceanglaítear orthu:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta ansin;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua ann cé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir aon difríocht ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i ngnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as taifid chearta chuntasaíochta a choimeád ina nochtar go réasúnta cruinn aon tráth staid airgeadais na cuideachta ionas gur féidir leo a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tá siad freagrach chomh maith as sábháilteacht sócmhainní na cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh chun caimiléireacht nó neamhrialtachtaí a chosc nó a thabhairt chun solais dá réir.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

**2.** Tá baint ag an bhForas le gníomhaíochtaí atá dírithe ar chaighdeán an riaracháin phoiblí a fheabhsú agus staidéar a riarachán poiblí a chur chun cinn, agus ómós gairme a fhorbairt i bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí, agus comhthuiscint a chothú idir an pobal agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí.

## ATHBHREITHNIÚ AR GHNÓ AGUS FORBAIRTÍ AMACH ANSEO

**3.** Bhí an léibhéal gnó agus stad airgeadais ag deireadh na bliana sásúil agus measann na stiúrthóirí go leanfar den léibhéal reatha gníomhaíochta go ceann i bhfad.

## TORTHAÍ

**4.** Tá an cuntas ioncaim agus caiteachais don bhliain agus an leithghabháil a rinneadh orthu leagtha amach ar leathanach 55.

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

**5.** D'fhorbair an Bord an ráiteas sábháilteachta is gá a cheangláitear leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

**6.** Bhunaigh an Bord struchtúr Coiste éifeachtúil chun cabhr ú le comhlíonadh a fhreagrachtaí, de réir dea-rialachais chorparáidigh. Tá téarmaí tagartha foirmiúla atá faofa ag an mBord ag gach Coiste , agus tuairiscíonn gach Coiste don Bhord ar a ghníomhaíochtaí go tréimhsiúil. Ba iad na Coistí a bhí ag feidhmiú ar an 31 Nollaig 2009 ná an Coiste Riaracháin, an Coiste Iniúchóireachta, agus an Coiste Airgeadais agus Straitéise. Déanann an bhainistíocht athbhreithniú bliantúil ar rioscaí oibriúcháin gnó, ar son an Bhoird.

## TAIGHDE AGUS FORBAIRT

**7.** Níl baint ag an gcuideachta le forbairt chaipitiúil ar bith thar a ceann féin.

## LEABHAIR CHUNTAS CHUÍ

**8.** Lena chinntiú go gcoimeádfar leabhair chuntas chuí de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, tá foireann a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu fostaithe agus cuirtear acmhainní iomchuí ar fáil d'fheidhm airgeadais na cuideachta. Tá na leabhair chuntas in oifig chláraithe na cuideachta ag 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4.

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ MAIDIR LEIS AN MBLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

## (AR LEAN)

**INIÚCHÓIRÍ**

**9.** Tá an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste freagrach as cuntais na cuideachta a iniúchadh de réir Alt 5 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Thar ceann an Bhoird,





John Tierney
**Ball den Bhord**

Cathal Goan
**Ball den Bhord**

15 Aibreán 2010, Baile Átha Cliath

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na mbeartas cuntasaíochta atá leagtha amach iontu, ná an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, an Ráitis ar Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta agus na nótaí lena mbaineann.

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE FAOI SEACH

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí maidir leis na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn leagtha amach i dTuarascáil na Stiúrthóirí. Tá na Stiúrthóirí freagrach chomh maith as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú . Is é m'fhreagrachtsa ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn agus agus cibé acu an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2009. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCuideachta; agus agus cibé acu an bhfuil an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais. Tuairiscímid freisin cibé acu an bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta agus cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Breithním cibé an léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais cibé an gcomhlíonann an Chuideachta an Cód Cleachtais don Rialachas de Chomhlachtaí Stáit agus tuairscím aon chás ábhartha nuair nach ndéanann sé amhlaidh, nó cibé an bhfuil an ráiteas míthreorach nó neamhréireach maidir le heolas eile a bhfuil mé eolach air ó m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an bhfuil sí ag teacht leis na ráitis airgeadais iniúchta. Déanaim breithniú ar an tionchar a bheidh ag mo thuarascáil má thagaim ar aon mhíráitis nó aon neamhrialtachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais.

## BUNÚS THUAIRIM AN INIÚCHTA

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais. Tá measúnú ar mheastacháin agus ar bhreithiúnais shuntasacha a rinne na stiúrthóirí in ullmhú na ráiteas airgeadais i gceist chomh maith, agus cibé acu an bhfuil na beartais chuntasaíochta cuí d'imthoscaí na Cuideachta, an bhfeidhmítear go comhleanúnach iad agus an nochtaítear go dóthanach iad.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR I LÁTHAIR THITHE AN OIREACHTAIS
(AR LEAN)

### TUAIRIM

Is é mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na Cuideachta ag 31 Nollaig 2009 agus ar a bharraíocht don bhliain dar críoch sin:agus
- gur ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go dtí 2009.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críche m'iniúchta faighte agam. I mo thuairim, bhí leabhair chuntas chuí coinnithe ag an gCuideachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

I mo thuairim, tá an t-eolas atá tugtha i dTuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais.



Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE
19 Aibreán 2010

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Admhaíonn an Bord go bhfuil sé fregrach as córas rialaithe airgeadais an Fhorais Riaracháin. Admhaíonn an Bord freisin nach féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a chur ar fáil, i gcoinne aon earráidí ábhartha. Tá na rialúcháin inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm san Fhoras i rith 2009 leagtha amach thíos:

Is iad na nósanna imeachta ríthábhachtacha a chuir an Bord i bhfeidhm agus a ceapadh chun rialú airgeadais éifeachtach a sholáthar ná:

## (A) TIMPEALLACHT RIALAITHE

Tá bearta déanta ag an mBord chun timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú trí:

- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú tríd na feidhmeanna coiste éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus chun na sócmhainní a chosaint.
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú agus a dhoicimeádú go soiléir.
- Cultúr láidir freagrachta a fhorbairt trasna gach leibhéil den eagraíocht.

Cuireadh nósanna imeachta rialaithe airgeadais ar fáil do na baill foirne go léir, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair, agus nósanna imeachta féichiúnaí agus creidiúnaí.

Cuirtear teorainneacha caiteachais i bhfeidhm go docht maidir le gach leibhéal bainistíochta. Déanann Oifig Airgeadais an Fhorais monaóireacht ar an rialúchán seo, trí scrúduithe uathoibrithe láimhe agus leictreonacha.

Tá deighlt feidhmeanna chomhsheasamhach i bhfeidm ar mhaithe le códú agus údarú trasna aonaid ghnó an Fhorais agus monatóireacht á déanamh go lárnach air ag an Oifig Airgeadais.

Feidhmíonn an fheidhm soláthair le haghaidh caiteachas forchostais ar bhonn caighdeán a aontaíodh leis an Stiúrthóir Airgeadais agus Córais Faisnéise agus a cheadaigh an tArd-Stiúrthóir agus an Bord.

## (B) RIOSCAÍ GNÓ A AITHINT AGUS IMPEACHTAÍ AIRGEADAIS

Rinneadh athbhreithniú ar riosca gnó le linn na bliana a raibh an grúpa ardbhainistíochta páirteach ann, ar aon dul le próisis bhliantúla an Fhorais Riaracháin. San athbhreithniú leagadh béim ar na rioscaí suntasacha i leith ghnó an Fhorais Riaracháin agus na bearta maolaithe is gá lena mbaineann. Táthar ag dul i ngleic leis na rioscaí gnó a aithníodh san athbhreithniú, ar an gcéad dul síos , trí phlean corparáide an Fhorais a chur i bhfeidhm (clár rioscaí ar leibhéal corparáideach), agus ansin tríd an bpróiseas pleanála gnó. Maidir le 2010, beidh gníomhaíochtaí maolaithe rioscaí arís ina gcuid lárnach de phleananna bliantúla gnó gach rannóg gnó. Pléann an Bord na pleananna gnó seo agus na gníomhaíochtaí bainistithe riosca go leathbhliantúil.

## (c) CÓRAIS FAISNÉISE

I measc chórais faisnéise an Fhorais tá 'Integra', pacáiste comhtháite um chuntasaíocht bhainistíochta agus airgeadais . Tá modúil rialaithe airgeadais chomhtháithe le haghaidh ioncaim, caiteachais, creidiúnaithe, féichiúnaithe, ordú ceannaigh, párolla, taisteal agus liúntas cothaithe foirne agus sócmhainní seasta ar an gcóras. Tá formhór na rialúchán próiseála faisnéise uathoibrithe laistigh de na córais leictreonacha; i measc na rialúchán tá údarú cuí, dualgais a dheighilt agus doiciméadú agus taifid bhunaidh a scanadh. Rialaítear próiseáil faisnéise an Fhorais le sraith iomlán de nósanna imeachta rialaithe.

Anuas ar sin, tá roinnt córas tacaíochta gnó comhtháite leis an gcóras bainistíochta airgeadais (FMS). Oibríonn Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin modúl um Próiseáil Orduithe Díolachán (SOP) ina bhfreastalaítear ar ordú díolachán, sonrascadh agus rialú stoic. Baineann an Rannóg Oiliúna leas as córas comhtháite Oiliúna Riaracháin agus Bainistíochta (TAMS) chun próiseas áirithintí agus sonrasc na gcliant a bhainistiú. Maidir lenár gcláir Oideachais, bainistíonn córas comhtháite Faisnéise agus Riaracháin Mac Léinn (SIAS) clárú mac léinn agus bailiú táillí.

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS
(AR LEAN)

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais agus Córais Faisnéise nuashonrú breise ar nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Fhorais Riaracháin, le linn 2009, ionas go gcuirfí measúnacht riosca ar nósanna imeachta rialaithe airgeadais an Fhorais Riaracháin san áireamh. Rinne an t-iniúchóir imheánach athbhreithniú ar an nuashonrú seo agus cheadaigh sé é.

### (D) NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ÉIFEACHTACHT NA GCÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS

Ullmhaítear cuntais mhíosúla bhainistíochta ina ndéantar comparáid idir ioncam agus caiteachas a bhí sa bhuiséid agus ioncam agus caiteachas a tabhaíodh iarmhír. Athbhreithníonn an grúpa ardbhainistíochta na cuntais seo. Mar chuid den athbhreithniú seo déantar mion-iniúchadh ar na hidirbhearta agus gníomhaíochtaí bunúsacha lena chinntiú go bhfuil siad cruinn agus iomlán. Cuirtear na cuntais seo faoi bhráid an Bhoird go ráithiúil.

Tá próiseas buiséid bliantúil fairsing i gceist, ina ndéanann gach aonad buiséad mionsonraithe d'ioncam agus caiteachas díreach, a ndéanann an Bord athbhreithniú air agus a fhaomhann an Bord. Ullmhaítear buiséid chaiteachais chaipitiúil mhionsonraithe chomh maith. Ina theannta sin, oibríonn an Foras córas forásach trí bliana de bhuiseádú ilbhliantúil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an bhForas. Ullmhaítear clár iniúchóireachta mionsonraithe dhá uair sa bhliain agus déanann an Bord é a fhaomhadh trína Choiste Iniúchóireachta . Athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta an Bhoird na tuarascálacha iniúchóireachta a ullmhaíodh agus glacann siad le moltaí mar is cuí.

Déanann Rannóg Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar idirbhearta ioncaim agus caiteachais chun géilliúnacht gach ceann de na haonaid gnó a chinntiú maidir le beachtas, bailíocht agus oiriúnacht.

### (E) ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar na rialúcháin inmheánacha airgeadais de chuid an Fhorais a bhí i bhfeidhm le linn 2009. Rinne Coiste Iniúchóireachta an Fhorais athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus tuarascáil fhoirmiúil curtha faoi bhráid an Bhoird go luath in 2010. Chomh maith leis seo rinne an Bord athbhreithniú ar an tuarascáil faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ag a chruinniú i bhFeabhra 2010.

Thar ceann an Bhoird,



John Tierney
CATHAOIRLEACH



Brian Cawley
ARD-STIÚRTHÓIR

15 Aibreán 2010

# RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Ullmhaítear na Ráitis Airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le hathluacháil talún agus foirgneamh.

## (A) IONCAM

Déantar ioncam, arb é táillí agus deontas i gcabhair ón Stát don chuid is mó é, a chur san áireamh ar bhonn infhaighteachta seachas suibscríbhinní a chuirtear in ioncam nuair a fhaightear iad. Tugtar táillí cúrsaí isteach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais le linn thréimhse an chúrsa.

## (B) SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Déantar sócmhainní seasta, foirgnimh san áireamh, a lua ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carnach. Déantar dímheas a áireamh de réir na mbunús agus rátaí atá luaite thíos, a mheastar chun na sócmhainní a laghdú go dtí luachanna inréadaithe faoi dheireadh a saolré mheasta.

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Ruílse | 2% De réir méid chothroim |
| Áitreabh Léasach | 2% De réir méid chothroim |
| Troscán agus Feistis | 5% De réir méid chothroim |
| Trealamh | 10% De réir méid chothroim |
| Leabhair Leabharlainne | 20% Comhardú Laghdaitheach |
| Meaisíní Oifige | 25% De réir méid chothroim |
| Sócmhainní Léasaithe | 33.3%De réir méid chothroim |
| Foirgnimh Réamhdhéanta | 33.3% De réir méid chothroim |

Tosaíonn dímheas sa bhliain a dtagann an sócmhainn a bheith in úsáid. Ní laghdaíonn an luach atá ag talamh. Níor ghlac an Foras le beartas athluachála. Luaitear foirgnimh ag luach athluachála 1999. De réir fhorálacha Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais15 'Sócmhainní Seasta Inláimhsithe' áfach, tá roinnt tailte agus foirgneamh arna gcoinneáil ag an bhForas ag luach athluachála 1999, agus níl an luacháil sin nuashonraithe.

## (C) STOIC

Rinneadh stoic a luacháil go seasmhach le blianta roimhe sin, ag costas nó glanluach inréadaithe, cibé acu is lú. Déantar socruithe, más gá, i dtaobh stoc atá mall ag imeacht agus stoic atá as feidhm.

## (D) FÉICHIÚNAITHE

Déantar drochfhiaca a dhíscríobh agus déantar socruithe ar leith i dtaobh aon suimeanna a measfar nach dócha go mbaileofar iad.

## (E) FÁLTAIS CHAIPITIL

Caitear le fáltais a bhaineann le sócmhainní seasta mar chreidmheaseanna iarchurtha agus cuirtear chun sochair sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais iad thar shaolré fónta ionchais na sócmhainní.

## (F) SÓCMHAINNÍ LÉASAITHE

Déantar sócmhainní a choinnítear faoi léasanna airgeadais a chaipitliú agus a áireamh le sócmhainní faoi úinéireacht dá leithéid sa Chlár Comhardaithe. Áirítear oibleagáidí faoi léasanna airgeadais le dliteanais, déantar iad a anailísiú idir dliteanais reatha agus dliteanais fadtéarmacha. Cuirtear íocaíochtaí arna ndéanamh faoi léasanna oibriúcháin chun dochair don Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais.

# RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA
(AR LEAN)

**(G) COSTAIS PHINSIN**

Tá scéim pinsean le sochar sainithe i bhfeidhm do gach fostaí an Fhorais Riaracháin, de réir mar is cuí. Tá an scéim á cistiú trí ranníocaíochtaí ón bhForas agus ó fhostaithe a aistrítear chun ciste ar leith arna riaradh ag iontaobhaithe. Déantar sócmhainní na scéime pinsean a luacháil go cóir. Déantar dliteanais na scéime pinsean a luacháil ar bhonn achtúireach agus modh an aonaid fhortheilgthe á úsáid. De réir fhorálacha FRS 17, déantar farasbarr dliteanais scéime ar shócmhainní scéime a léiriú mar dhliteanas ar an gClár Comhordaithe. Níl tionchar aige seo ar staid trádála an Fhorais ó bhliain go bliain. Pé scéal é, aistreofar ciste pinsean an Fhorais go dtí Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta le linn 2010 de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Is éard atá sa mhuirearú pinsin sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ná an costas seirbhíse reatha agus an costas seirbhíse roimhe seo móide an difríocht idir an toradh ionchais ar shócmainní scéime agus costas an úis ar dhliteanais na scéime.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as gnóthachain agus caillteanais ó thaithí sa Ráiteas ar Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta don bhliain ina dtabhaítear iad.

# RÁITIS AIRGEADAIS

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

| | Nóta | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | | |
| Ioncam ó Tháillí | 1 | 11,281,432 | 14,680,134 |
| Foilseacháin a Dhíol | 2 | 789,635 | 1,363,806 |
| Suibscríbhinní | | 367,080 | 396,622 |
| Vóta 6 - Oifig an Aire Airgeadais, Deontas i gCabhair | 3 | 3,604,000 | 3,804,000 |
| | | 16,042,147 | 20,244,562 |
| **LÚIDE:** | | | |
| **CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN** | | | |
| Costais Dhíreacha | 5 | 4,473,224 | 7,042,223 |
| Costais Tuarastail | 6 | 9,357,937 | 9,776,298 |
| Costais Riaracháin | 7 | 1,988,235 | 2,677,671 |
| Ús Iníoctha agus Táillí dá Leithéid | | 146,478 | 260,157 |
| | | 15,965,874 | 19,756,349 |
| Barrachas Oibriúcháin don Bhliain | | 76,273 | 488,213 |

## RÁITEAS AR GHLUAISEACHTAÍ I GCÚLCHISTE CARNTHA

| | | | |
|---|---|---|---|
| Barrachas Carntha ar an 1 Eanáir 2009 | | 1,928,929 | 1,840,716 |
| Barrachas don Bhliain | | 76,273 | 488,213 |
| Athrú go dtí Cúlchiste Ginearálta | 14 | (70,000) | (400,000) |
| Barrachas Carntha ar an 31 Nollaig 2009 | | 1,935,202 | 1,928,929 |

Baineann an barrachas don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 le gníomhaíochtaí leanúnacha.

# RÁITIS AIRGEADAIS

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### RÁITEAS AR IOMLÁN GNÓTHACHAN AGUS CAILLTEANAS AITHEANTA

| | Nóta | 2009<br>€ | 2008<br>€ |
|---|---|---|---|
| Barrachas don Bhliain | | 76,273 | 488,213 |
| Toradh Iarmhír Iúide Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime | | 2,511,000 | (9,163,000) |
| Gnóthachain/(Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais na Scéime Pinsean | | 1,254,000 | (1,627,000) |
| Athruithe ar Thoimhdí maidir le Luach Reatha na nDliteanas | | 2,794,000 | 6,389,000 |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | 15 | 6,559,000 | (4,401,000) |
| Iomlán Gnóthachan /( Caillteanas) Aitheanta sa Bhliain | | 6,635,273 | (3,912,787) |

### GLUAISEACHT I GCÚLCHISTE PINSEAN

| | Nóta | 2009 | 2008 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2009 | | (21,709,000) | (17,308,000) |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | | 6,559,000 | (4,401,000) |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig 2009 | 15 | (15,150,000) | (21,709,00) |



Marie Brady
**Ball den Bhord**



Cathal Goan
**Ball den bhord**

# RÁITIS AIRGEADAIS

## CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AR AN 31 NOLLAIG 2009

| | Nóta | | 2009 | | 2008 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | € | € | € | € |
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 9 | | 17,864,317 | | 18,507,565 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | | | |
| Stoic | 8 | 224,883 | | 118,664 | |
| Féichiúnaithe | 10 | 2,139,790 | | 3,039,116 | |
| Airgead ag an mBanc agus ar Láimh | | 1,716,559 | | 2,192,728 | |
| | | 4,081,232 | | 5,350,508 | |
| **CREIDIÚNAITHE** | | | | | |
| Suimeanna Dlite Laistigh d'Aon Bhliain Amháin | 11 | 4,194,996 | | 5,380,806 | |
| Glansócmhainní /(Dliteanais) Reatha | | | (113,764) | | (30,298) |
| Iomlán na Sócmhainní lúide Dliteanais Reatha | | | 17,750,553 | | 18,477,267 |
| Áis Mhorgáiste 20 bliain | 11 | | (4,418,352) | | (4,611,314) |
| Iomlán Sócmhainní lúide Dliteanais Gan Dliteanas Pinsin a Áireamh | | | 13,333,201 | | 13,685,784 |
| Dliteanas Pinsin Fadtéarmach | 15 | | (13,062,000) | | (20,081,202) |
| Glansócmhainní/(Glandliteanais) Dliteanas Pinsin san Áirea | | | 270,201 | | (6,215,249) |
| **CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ** | | | | | |
| Cúlchistí | 14 | | 11,922,747 | | 11,852,747 |
| Barrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais | | | 1,935,202 | | 1,928,929 |
| Deontais Chaipitil | 13 | | 1,562,252 | | 1,712,075 |
| Cúlchiste Pinsean | 15 | | (15,150,000) | | (21,709,000) |
| | | | 270,201 | | (6,215,249) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 54 agus na nótaí ar leathanaigh 61 go dtí 69.

Marie Brady
**Ball den Bhord**

Cathal Goan
**Ball den bhord**

# RÁITIS AIRGEADAIS

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009

| | | 2009 | | 2008 |
|---|---|---|---|---|
| **RÉITEACH BARRACHAIS OIBRIÚCHÁIN LE GLANSREABHADH AIRGID ISTEACH Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN** | € | € | € | € |
| Barrachas / (Easnamh) Oibriúcháin | | 76,273 | | 488,213 |
| Glan-Ús | 146,478 | | 260,157 | |
| Dímheas | 676,687 | | 745,415 | |
| Amúchadh Deontas | (149,823) | | (149,823) | |
| (Méadú)/ Laghdú ar Stoic | (106,219) | | 342,739 | |
| (Méadú)/ Laghdú ar Fhéichiúnaithe | 899,326 | | 33,965 | |
| (Méadú)/ Laghdú ar Chreidiúnaithe | (1,185,810) | | 818,508 | |
| FRS17/Coigeartú Achtúireach | (460,202) | | (785,738) | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | (179,564) | | 1,265,223 | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | | (103,291) | | 1,753,436 |
| **RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID** | | | | |
| Glan-Insreabhadh Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibriúcháin | | (103,291) | | 1,753,436 |
| **TORADH AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS FÓNAMH A DHÉANAMH AR AIRGEADAS** | | | | |
| Ús Íoctha | | (146,478) | | (260,157) |
| **SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA** | | | | |
| Íocaíochtaí le Sócmhainn Inláimhsithe Seasta a Fháil | (42,830) | | (119,112) | (91,390) |
| Diúscairtí | 9,392 | (33,438) | 27,722 | |
| **SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ CISTITHE** | | | | |
| Áis Mhorgáiste 20 bliain | (192,962) | (192,962) | (146,427) | (146,427) |
| Méadú/ (Laghdú) ar Airgead sa Bhliain | | (476,169) | | 1,255,462 |

# RÁITIS AIRGEADAIS

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### AIRGEAD GLAN A RÉITEACH LE GLUAISEACHT I NGLANFHIACHAS

| | | | |
|---|---|---|---|
| (Méadú)/ Laghdú ar Airgead Tirim | (476,169) | | 1,255,462 |
| (Méadú)/ Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 Bliain | 192,962 | | 146,427 |
| Gluaiseachtaí i nGlanfhiachas sa Bhliain | (283,207) | | 1,401,889 |
| Glanchistí /(Glanfhiachas) ar an 1 Eanáir | (2,418,586) | | (3,820,475) |
| Glanfhiachas ar an 31 Nollaig | (2,701,793) | | (2,418,586) |

### ANAILÍS AR ATHRUITHE AR GHLANCHISTÍ/(FIACHA)

| | Ar an 31 Nollaig 2008 | Sreabhadh Airgid | Ar an 31 Nollaig 2009 |
|---|---|---|---|
| Airgead ar Láimh/ sa Bhanc | 2,192,728 | (476,169) | 1,716,559 |
| Áis Mhorgáiste 20 bliain | (4,611,314) | 192,962 | (4,418,352) |
| Iomlán | (2,418,586) | (283,207) | (2,701,793) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad na beartais chuntasaíochta ar leathanach 54 agus na nótaí ar leathanaigh 61 go dtí 69.



Marie Brady
**Ball den Bhord**



Cathal Goan
**Ball den bhord**

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009

| 1. IONCAM Ó THÁILLÍ | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| Oiliúint | 6,849,781 | 9,686,911 |
| Oideachas | 4,213,866 | 4,663,214 |
| Taighde | 217,785 | 330,009 |
| | 11,281,432 | 14,680,134 |

### 2. FOILSEACHÁIN A DHÍOL

| | 2009 € | 2008 € |
|---|---|---|
| Ioncam ó Fhoilseacháin an Fhorais Riaracháin | 754,222 | 1,305,236 |
| Díolacháin Tríú Páirtí | 40,649 | 71,114 |
| Ioncam | (5,236) | (12,544) |
| Caiteachas lena mBaineann | 35,413 | 58,570 |
| | 789,635 | 1,363,806 |

### 3. DEONTAS I GCABHAIR

€3,700,000 a bhí in iomlán na ndeontas-i-gcabhair as a ndeachaigh €96,000 chun Suibscríbhinní.

### 4. BARRACHAS OIBRIÚCHÁIN

Luaítear an barrachas oibriúcháin tar éis na nithe seo a leanas a chur chun sochair nó chun dochair.

(a) Luach Saothair na Stiúrthóirí

Ní fhaigheann na baill ar Bhord an Fhorais Riaracháin táillí. Cé nach mbíonn baill den bhord ag taisteal ar ghnó oifigiúil mar bhaill den Fhoras tá siad i dteideal liúntas taistil agus cothaithe a éileamh i leith freastal ar chruinnithe boird agus fochoistí. Maidir le 2009, níor éiligh ach ball amháin (R. Dolan) costais taistil agus cothaithe den tsuim €2,165.42.

(b) Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra (lena n-áirítear tuarastal, PRSI agus ranníocaíocht an fhostóra i leith pinsin in aghaidh gnáth rátaí na hearnála poiblí). Luaitear suim 2008 arís – €407,319 a bhí ann agus €87,399 san áireamh ar chostais tuarastail don bhall don bhoird ar ball foirne é. Is éard a bhí i gcostais Chothaithe agus Taistil an Ard-Stiúrthóra ná €3,570.

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| (b) Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra | 286,469 | 319,920 |
| (c) Luach Saothair an Iniúchóra | 28,905 | 30,750 |
| (d) Dímheas (Tar éis Diúscairtí) | 676,687 | 745,415 |
| (e) Ús iníoctha agus táillí dá leithéid (Níl aon táillí ag an bhForas) | - | - |
| Ús iníoctha ar shuimeanna inaisíoctha laistigh de thréimhse cúig bliana | - | - |
| Ús iníoctha ar shuimeanna inaisíoctha thar thréimhse nach mó ná cúig bliana | 146,478 | 260,157 |
| (f) Sochar ó Dheontais | (149,823) | (149,823) |
| (g) Méadú ar Shocruithe maidir le Drochfhiachas | 20,000 | - |

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 5. ANAILÍS AR CHOSTAIS DHÍREACHA

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| Oiliúint | 1,834,424 | 3,485,010 |
| Oideachas | 1,822,183 | 2,128,057 |
| Foilseacháin | 312,424 | 835,592 |
| Taighde | 46,384 | 25,671 |
| Ginearálta | 457,809 | 567,893 |
| | 4,473,224 | 7,042,223 |

### 6. FAISNÉIS NA BHFOSTAITHE

(a) Déantar anailís thíos ar mheánlíon na bhfostaithe buana sa chuideachta le linn na bliana, lena n-áirítear stiúrthóirí lánaimseartha.

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| Oiliúint | 43 | 56 |
| Oideachas | 22 | 22 |
| Foilseacháin | 4 | 6 |
| Taighde | 5 | 6 |
| Ginearálta | 25 | 26 |
| | 99 | 116 |

(b) Is éard atá i gcostais tuarastail na cuideachta maidir le gach fostaí ná:

| | 2009<br>€ | 2008<br>€ |
|---|---|---|
| Pá agus Tuarastail | 6,887,336 | 7,391,108 |
| Costais Phinsin (Nóta 15) | 1,793,285 | 1,600,000 |
| Costais Árachais Shóisialta | 677,316 | 785,190 |
| | 9,357,937 | 9,776,298 |

Tá an muirearú pinsin de €1,793,285 ag teacht le ceanglais FRS17. Is éard a bhí san íocaíocht airgid thirim i leith pinsean ná €2,253,486 in 2009. Maidir le 2010, ba chóir go n-aistreofaí ciste pinsean an Fhorais go dtí Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta, de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.
Chuir an Foras Riaracháin scéim iomarcaíochta deonaí i bhfeidhm ar bhain triúr ball foirne leas aisti le linn 2009. Is éard a bhí i gcostas na n-íocaíochtaí iomarcaíochta ná €293,138 agus tá sé san áireamh i gcostas tuarastail 2009 thuas.

Baineadh tobhach pinsin de €374,164.55 as agus íocadh leis an Roinn Airgeadais é.

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 7. ANAILÍS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN

| | | |
|---|---|---|
| Deisiúchán, Glanadh, Cothabháil | 321,209 | 422,477 |
| Dímheas lúide Deontais Chaipitil Amúchta | 526,864 | 603,064 |
| Stáiseanóireacht agus Fótachóipeáil | 162,035 | 366,742 |
| Solas, Teas, Guthán | 162,800 | 212,314 |
| Postas | 104,523 | 167,164 |
| Árachas | 27,230 | 50,793 |
| Gnóthaí Corparáideacha agus Margaíocht | 400,110 | 305,255 |
| Forbairt Foirne | 73,657 | 164,454 |
| Earcaíocht Foirne agus Costais Tacaíochta | 7,905 | 195,212 |
| Ginearálta | 201,902 | 190,196 |
| | 1,988,235 | 2,677,671 |

### 8. STOIC

| | | |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht agus Leabhair | 224,883 | 118,664 |

# RÁITIS AIRGEADAIS

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 9. SÓCMHAINNÍ SEASTA SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE

| COSTAS NÓ LUACHÁIL | Talamh & Foirgnimh | Áitribh ar Léas-Seilbh | Innealra Oifige | Troscán Feistiúcháin, Trealamh & Leabhair Leabhairlainne | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2009 | € | € | € | € | € |
| Costas | 12,795,609 | 87,716 | 2,046,732 | 2,211,808 | 17,141,865 |
| Luacháil 1975 | 177,763 | - | - | - | 177,763 |
| Luacháil 1999 | 7,382,114 | - | - | - | 7,382,114 |
| | 20,355,486 | 87,716 | 2,046,732 | 2,211,808 | 24,701,742 |
| Breiseanna | - | - | 12,593 | 30,237 | 42,830 |
| Diúscairtí | - | - | (228,425) | (61,112) | (289,537) |
| Athchatagóiriú | 87,716 | (87,716) | (256,616) | 256,616 | - |
| Ar an 31 Nollaig 2009 | 20,443,202 | NÁID | 1,574,284 | 2,437,549 | 24,455,035 |
| **DÍMHEAS** | | | | | |
| Ar an 1 Eanáir 2009 | 2,804,580 | 87,716 | 1,724,909 | 1,576,971 | 6,194,176 |
| Diúscairtí | - | - | (228,425) | (51,720) | (280,145) |
| Táillí don Bhliain | 407,083 | - | 133,108 | 136,496 | 676,687 |
| Athchatagóiriú | 87,716 | (87,716) | (180,036) | 180,036 | - |
| Ar an 31 Nollaig 2009 | 3,299,379 | NÁID | 1,449,556 | 1,841,783 | 6,590,718 |
| **LEABHARLUACH GLAN** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2009 | 17,143,823 | NÁID | 124,728 | 595,766 | 17,864,317 |
| **LEABHARLUACH GLAN** | | | | | |
| Ar an 31 Nollaig 2008 | 17,550,906 | NÁID | 321,823 | 634,837 | 18,507,565 |

Nóta: Rinne an Foras Riaracháin athbhreithniú fairsing ar a chlár sócmhainní le linn 2009. Mar thoradh ar an athbhreithniú seo rinneadh athchatagóiriú ar roinnt sócmhainní mar a léirítear i Nóta 9 thuas.

### 10. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

| | 2009 | 2008 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Féichiúnaithe Trádála | 2,129,610 | 3,024,116 |
| Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe | 10,180 | 15,000 |
| (Is ionann Féichiúnaithe Trádála agus féichiúnaithe tar éis Socruithe Drochfhiachas de €80,000 (2008 - €60,000). | | |
| | 2,139,790 | 3,039,116 |

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 11. CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE

(a) Suimeanna Dlite laistigh de Bhliain Amháin

| | | |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe Trádála | 333,553 | 639,586 |
| Ioncam ó Tháillí Iarchurtha | | |
| Ioncam ó Tháillí | 3,075,960 | 3,760,140 |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe Éagsúla | 578,822 | 738,336 |
| PAYE/PRSI | 206,660 | 242,744 |
| | 4,194,996 | 5,380,806 |

(b) Áis Iasachta Fhadtéarmach

| | | |
|---|---|---|
| Áis Ráta Athraighigh 20 bliain de €5m | 4,418,352 | 4,611,314 |

### 12. INFHEISTÍOCHTAÍ GEARRTHÉARMACHA

Ní raibh aon airgid infheistíochta ghearrthéarmacha ann in 2009.

### 13. FÁLTAIS CHAIPITIL

| | | |
|---|---|---|
| Ar an 1 Eanáir 2009 | 1,712,075 | 1,861,898 |
| Fáltais Chaipitil | - | - |
| Sochar don Bhliain | (149,823) | (149,823) |
| Ar an 31 Nollaig 2009 | 1,562,252 | 1,712,075 |

### 14. CÚLCHISTÍ

| | Cúlchiste Caipitil | Cúlchiste Ioncaim | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | € | € | € |
| Ar an 1 Eanáir 2009 | 7,579,908 | 4,272,839 | 11,852,747 |
| Aistriú go dtí Cúlchiste Ginearálta | | 70,000 | 700,000 |
| Ar an 31 Nollaig 2009 | 7,579,908 | 4,342,839 | 11,922,747 |

Chinn an Bord i 1995 suim airgid a aistriú go dtí Cúlchiste Ginearálta go bliantúil le híoc as aon chostas a bhainfidh le forbairt an Fhorais amach anseo. Tá €70,000 den Chúlchiste Ginearálta á leithdháileadh le híoc as an iasacht a bhí de dhíth chun Uimhir 55, Bóthar Lansdún a cheannach, le haghaidh na bliana 2009.

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 15. PINSIN

a) Costais Phinsin

| | An Bhliain go dtí 31/12/09 € milliún | An Bhliain go dtí 31/12/08 € milliún |
|---|---|---|
| Costas Reatha Seirbhíse | 0.8 | 1.0 |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime | (1.4) | (1.9) |
| Costas Úis | 2.3 | 2.5 |
| Glanmhuirear | 1.7 | 1.6 |

b i) Glandliteanas Pinsin

| | An Bhliain go dtí 31/12/09 € milliún | An Bhliain go dtí 31/12/08 € milliún |
|---|---|---|
| Luach Reatha Oibleagáidí Cistithe | 37.6 | 40.8 |
| Luach Cothrom ar Shócmhainní Scéime | 24.5 | 20.7 |
| Glandliteanas (Sócmhainn) | 13.1 | 20.1 |

b ii)

| | An Bhliain go dtí 31/12/09 € milliún | An Bhliain go dtí 31/12/08 € milliún |
|---|---|---|
| Luach Cothrom ar Oibleagáidí Scéime ag Tús na Bliana | 40.8 | 43.3 |
| Costas Reatha Seirbhíse | 0.8 | 1.0 |
| Costas Úis | 2.3 | 2.5 |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | (4.0) | (4.8) |
| Sochair íoctha | (2.3) | (1.1) |
| Ranníocaíochtaí Ball | 0.2 | 0.1 |
| Préimheanna Íoctha | (0.1) | (0.1) |
| Costais Íoctha | (0.1) | (0.1) |
| Luach Reatha ar Oibleagáidí Scéime ag Deireadh na Bliana | 37.6 | 40.8 |

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 15. PINSIN (AR LEAN)

b iii) Athrú ar Shócmhainní Scéime

| | | |
|---|---|---|
| Luach Cothrom ar Shócmhainní Scéime ag Tús na Bliana | 20.7 | 26.9 |
| Toradh Ionchais ar Shócmhainní Scéime | 1.4 | 1.9 |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | 2.5 | (9.2) |
| Ranníocaíochtaí Fostóra | 2.2 | 2.3 |
| Ranníocaíochtaí Ball | 0.2 | 0.1 |
| Sochair Íoctha ón bPlean | (2.3) | (1.1) |
| Costais Íoctha | (0.1) | (0.1) |
| Biseach Íoctha | (0.1) | (0.1) |
| Luach Cothrom ar Shócmhainní Scéime ag Deireadh na Bliana | 24.5 | 20.7 |

Agus an oibleagáid le sochar sainithe á meas, áirítear an cleachtas reatha ó thaobh pinsin a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san earnáil phoiblí.

c) Tuairisc ar an Scéim agus ar Thoimhdí Achtúireacha

Socrú pinsin tuarastail deiridh le sochar sainithe atá sa scéim pinsean, ina sainítear sochair trí thagairt do rialacháin 'samhail' scéime reatha san earnáil phoiblí. Tá rátaí íocaíochta an fhostóra agus an fhostaí leagtha síos de réir comhairle achtúireachta agus de réir athbhreithniú tréimhsiúil ar an ráta cistithe a theastaíonn don scéim. Soláthraíonn an scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do cheilí agus leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann pinsin atá á n-íoc(agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí.

Ba iad na toimhdí airgeadais a úsáideadh ar chúiseanna FRS17 ná:

| | Ag deireadh bliana 31/12/2009 | Ag deireadh bliana 31/12/2008 |
|---|---|---|
| Ráta Méadaithe na dTuarastal | 3.00% | 3.50% |
| Ráta Méadaithe na bPinsean á nÍoc | 3.00% | 3.50% |
| Ráta Méadaithe na bPinsean á nIarchur | 2.50% | 2.50% |
| Ráta Lascaine | 6.00% | 5.70% |
| Boilsciú | 2.00% | 2.00% |

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 15. PINSIN (AR LEAN)

Is iad na príomhthoimhdí básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach dhliteanais na scéime ná: Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh ar an 31 Nollaig 2009.

| | Fir | Mná |
|---|---|---|
| Baill atá 65 bliain d'aois (ionchas saoil reatha) | 21.6 | 24.7 |
| Baill atá 40 bliain d'aois (ionchas saoil 65 bliain d'aois) | 22.7 | 25.8 |

Tá an toimhde bhásmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, agus feabhsuithe réamh-mheasta á dtabhairt san áireamh. Ghlac an t-achtúire leis na táblaí básmhaireachta foilsithe '85% PMA 2015' i gcomhair pinsinéirí reatha agus le '85% PMA 2030' i gcomhair pinsinéirí sa todhchaí. Tá na toimhdí thuas mar an gcéanna leo siúd a úsáideadh i ndoiciméid nochta na bliana seo caite.

Ba iad sócmhainní na scéime (%) agus an ráta ionchais toraidh (%) ná:

| | Ag deireadh na bliana 31/12/2009 % | Toradh Ionchais % | Ag deireadh na bliana 31/12/2008 % |
|---|---|---|---|
| Gnáthscaireanna | 75.9% | 8.0 | 60.0% |
| Bannaí | 19.4% | 3.8 | 26.4% |
| Réadmhaoin | 3.6% | 6.0 | 6.3% |
| Airgead tirim | 1.1% | 1.0 | 7.3% |
| Iomlán | 100.0% | | 100.0% |

Anailís ar an tSuim a Muirearaíodh chun an Ráitis ar Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta

| | An Bhliain go dtí 31/12/09 € milliún | An Bhliain go dtí 31/12/08 € milliún |
|---|---|---|
| Toradh Iarmhír lúide Toradh Ionchais ar Shócmhainní | | |
| Toradh Iarmhír | 3.9 | (7.3) |
| Lúide: Toradh Ionchais | (1.4) | (1.9) |
| Gnóthachan / (Caillteanas) Achtúireach | 2.5 | (9.2) |

Agus an ráta toraidh ionchais fadtéarmach ar thoimhde sócmhainní á fhorbairt, tugtar aird ar leibhéal reatha na dtorthaí ionchais ar infheistíochtaí saor ó riosca (bannaí rialtais don chuid is mó), leibhéal stairiúil an bhisigh riosca a bhaineann leis na haicmí sócmhainní eile ina bhfuil an punann infheistithe agus na suimeanna ionchais maidir le torthaí amach anseo ar gach aicme sócmhainní. Ansin déantar an toradh ionchais do gach aicme sócmhainní a ualú bunaithe ar an sprioc-leithdháileadh sócmhainní chun an ráta fadtéarmach ionchais ar an sprioc-leithdháileadh sócmhainní a fhorbairt chun an ráta toraidh fadtéarmach ionchais ar thoimhde sócmhainní don staid a fhorbairt.

## NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – 31 NOLLAIG 2009 (AR LEAN)

### 15. PINSIN (AR LEAN)

d) Stair na nOibleagáidí le Sochar Sainithe, Gnóthachain agus Caillteanais Sócmhainní agus ó Thaithí

| | 2009<br>€ m | 2008<br>€ m | 2007<br>€ m | 2006<br>€ m | 2005<br>€ m |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí le Sochar Sainithe | 37.588 | 40.814 | 43.294 | 49.781 | 45.708 |
| Luach Cothrom ar Shócmhainní Scéime | 24.526 | 20.745 | 26.893 | 25.910 | 22.333 |
| Easnamh (Barrachas) do Scéim Chistithe | 13.062 | 20.069 | 16.401 | 23.871 | 23.375 |

Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Méid | (1.254) | 1.627 | (0.614) | 4.072 | 1.215 |
| Céatadán na nDliteanas Scéime | (3.34%) | 3.99% | (1.42%) | 8.20% | 2.70% |

e) Pinsin a Chistiú

Tá sé i gceist ag an bhForas Riarachán €1.9m a chur lena scéim pinsean in 2010.

f) Cuireadh an t-eolas ar phinsin i láthair i gcomhréir le ceanglais nochta nua a cheanglaítear ó 2008 i leith faoi leasú le FRS17.

### 16. CISTE PINSEAN AN FHORAIS RIARACHÁIN A AISTRIÚ CHUIG GNÍOMHAIREACHT BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA (NTMA)

Tá sé sceidealta ciste pinsean an Fhorais a aistriú go dtí Gníomhaireacht Bainistíochta An Chisteáin Náisiúnta (NTMA) le linn 2010 de réir an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

### 17. LEASANNA BHAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Státurraithe a Rialú arna leasú maidir le nochtadh leasanna ó bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhiúil ag na baill.

### 18. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Tugtar figiúirí comparáideacha arís ar an mbonn céanna le figiúirí na bliana seo, nuair is gá.

### 19. RÁITEAS AIRGEADAIS A FHAOMHADH

D’fhaomh Bord an Fhorais na Ráitis Airgeadais ar an 15 Aibreán 2010.



# ARDBHAINISTÍOCHT AN FHORAIS

# ARDBHAINISTÍOCHT AN FHORAIS



**An Dr Brian Cawley**
Ard-Stiúrthóir
bcawley@ipa.ie



**An Dr Michael Mulreany**
Ard-Stiúrthóir Cúnta, Oideachas agus Taighde
mmulreany@ipa.ie



**Cyril Sullivan**
Stiúrthóir, Airgeadas agus Córais Faisnéise
csullivan@ipa.ie



**Teresa Casserly**
Stiúrthóir Oiliúna agus Forbartha
tcasserly@ipa.ie



**Aidan Horan**
Stiúrthóir Oiliúna agus Forbartha
ahoran@ipa.ie



**An Dr Richard Boyle**
Ceann Taighde, Foilsitheoireachta agus Caidreamh Corparáide
rboyle@ipa.ie



**Nicolas Marcoux**
Bainisteoir, Seirbhísí Idirnáisiúnta
nmarcoux@ipa.ie



**Dymphna Lynch**
Cean Acmhainní Daonna
dlynch@ipa.ie